

Linguaphone Institute Limited
209 Regent Street
London W1R 8AU

© 1974 Linguaphone Institute Limited, London

All rights reserved. No part of this publication, or related recorded material, may be reproduced, stored in a retrieval system, or transmitted in any form or by any means electronic, mechanical, photocopying, recording or otherwise, without the prior permission of Linguaphone Institute Limited.

First published 1974
9th edition 1986

LSN NIR11P10

Printed and bound in Great Britain by
Biddles Ltd, Guildford and King's Lynn

Cúrsa Arna scríobh ag: Diarmuid Ó Donnchadha, Stiúrthóir, Foras na Gaeilge – Gael Linn, Baile Átha Cliath.

I gcomhairle le: Coiste Comhairleach:

Tomás De Bhaldraithe, D.Litt., Ollamh le Nua-Ghaeilge agus Litríocht na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Máirtín Ó Murchú, Ollamh le Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

An tOllamh Seán Ó Tuama, M.A. Ph.D., Comh-Ollamh le Teanga agus Litríocht na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

An tOllamh David Greene, Stiúrthóir, Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath.

Taifeadadh: Liam Budhlaeir Pádraig Ó Raghallaigh
Breandán Ó hEithir Pádraigín Ní Mhaoileoin
Liam Mac Con Iomaire Máirín Firtéir

Stiúrthóir don taifeadadh: Diarmuid Ó Donnchadha

Léaráidí le: Ruth Brandt, Dara Ó Lochlainn Associates, Baile Átha Cliath.

Clár

Réamh-cheacht	2	26 Ticéid	72
1 Céard a rinne Pádraig?	6	27 Páirc an Chrócaigh	76
2 Sa seomra suite	8	28 Turas ar an ardchathair	78
3 Ceirníní	10	29 I mBaile Átha Cliath	80
4 Sa siopa	12	30 Sa teach tábhairne arís	82
5 Ag teacht ón amharclann	16	31 An Clár Teilifíse	84
6 Sa teach tábhairne	20	32 Capaill	86
7 Tá ocras orm	24	33 Domhnach Cásca	88
8 An t-ollmhargadh	28	34 Rásaíocht	92
9 An amharclann nua	32	35 Dea-scéal	94
10 Ag lorg eolais	36	36 Turas na Cruaiche	96
11 Tá Tadhg agus Nóra sa traein	40	37 Óráid Thaidhg	98
12 Ag dul go dtí an Ghaeltacht	44	38 An cruinniú	100
13 Cuairteoir san oifig	46	39 Bánú na Tuaithe	102
14 Litir abhaile	48	40 Cead pleanála le haghaidh monarchan	104
15 Ag an gcéilí	50	41 Na Gaeil	106
16 Tar éis an chéilí	52	42 Stair	108
17 Aiste	54	43 An timpiste	110
18 Na cúirteanna filíochta	56	44 Turasóireacht	112
19 Cuairteoir	58	45 Síobshiúlóir	114
20 Fleá cheoil	60	46 Tá Liam gan a bheith ar fónamh	116
21 An cuairteoir	62	47 An tEastát Tionsclaíoch	118
22 Slán	64	48 Slán	120
23 San óstán	66	Fuaimeanna na Gaeilge	122
24 Lóistín	68	Ceachtanna breise 13-48	126
25 Tar isteach ón mbáisteach	70		

Réamh-cheacht



Dia duit!
Is mise Tomás Ó Néill.
Éireannach is ea mé.
Múinteoir is ea mé.



Sin é an leabhar

Tá Gaeilge agam.
Níl Gaeilge agatsa.
Tá tú ag foghlaim na Gaeilge.



Sin é an ceirnín

Sin é an leabhar.
Sin é an ceirnín.
Sin í an téip.

Léigh an leabhar.
Éist leis an gceirnín.



Sin í an téip

Réamh-cheacht

Múinteoir Dia duit!
Scoláire Dia is Muire duit.
Múinteoir An múinteoir tusa?
Scoláire Scoláire is ea mé. Ní múinteoir mé.
Múinteoir An bhfuil mórán Gaeilge agat?
Scoláire Níl. Níl ach beagán Gaeilge agam.
Múinteoir An bhfuil tú ag foghlaim na Gaeilge?
Scoláire Táim.
Múinteoir An bhfuil leabhar Gaeilge agat?
Scoláire Tá. Tá leabhair agus ceirníní agam.
Múinteoir Cá bhfuil siad?
Scoláire Tá na ceirníní ar an seinnteoir atá ar an mbord. Tá na leabhair ar an gcathaoir.



Sin é Seán Ó Briain

Múinteoir Seo é mo chara Seán.

Seán Dia duit!
Is mise Seán Ó Briain.
Táim sa bhaile.
Táim i mo shuí ar chathaoir bhog sa seomra suite.
Seo é mo chara Pádraig.



Sin é Pádraig Mac Gearailt

Pádraig Dia duit!
Is mise Pádraig Mac Gearailt.
Táim ag caint le mo chara.
Tá cairde eile agam freisin.
Bhí mé ar an Mór-roinn le Liam Ó Súilleabháin.
Bhíomar sa Fhrainc, sa Spáinn agus sa Ghearmáin.
Thaitin sé go mór liom.
Chaitheamar saoire an-deas.
D'éirigh go maith linn ar ár dturas.
Tá roinnt Francise agamsa.
Níl aon Fhraincis ag Liam ach tá Spáinnis agus Gearmáinis aige.

Réamh-cheacht


Pádraig An bhfuil ceirníní agus seinnteoir agat?

Tusa Tá. Tá siad ar an mbord.

Pádraig Cá bhfuil do leabhar?

Tusa Tá an leabhar i mo lámh agam.

Pádraig Tá go maith. Cuir ceirnín eile ar an seinnteoir agus éist liom féin agus le Seán ag caint le chéile.



Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath

Céard a rinne Pádraig?



Cuid a haon

Tráchtair Sin é Seán. Tá sé ina shuí in aice na tine. Sin é Pádraig. Tá sé ina sheasamh i lár an tseomra. Tá siad ag caint le chéile.

Seán Suigh síos anseo, a Phádraig, ar an gcathaoir bhog.

Pádraig Go raibh maith agat, a Sheáin.

Seán Inis dom céard a rinne tú le linn do laethanta saoire.

Pádraig Ní dhearna mé aon rud ach snámh agus luí faoin ngrian.

Seán Is dócha gur leisceoir ar fad anois tú!

Pádraig Ní hea, mhúise. Ní hea in aon chor.

Seán An sa Fhrainc a chaith tú do shaoire ar fad?

Pádraig Ní hea. Chaith mé tamall sa Ghearmáin agus tamall sa Spáinn chomh maith.

Seán Chonaic tú mórán iontas más ea.

Pádraig Chonaic mé a lán agus chuala mé a lán. D'fhoghlaim mé rud éigin nua gach aon lá.



Sin i an tine

Cuid a dó

Tá Pádraig ina shuí ar an gcathaoir bhog in aice na tine. Tá sé ag caint le Seán.


Chaith Pádraig a laethanta saoire sa Fhrainc, sa Spáinn agus sa Ghearmáin. Chaith sé tamall gach lá ag snámh agus ag luí faoin ngrian.



Tá sé ag snámh

Ní dhearna sé a lán le linn a laethanta saoire ach chuala sé a lán, agus chonaic sé a lán iontas. Chonaic sé a lán rudaí gach aon lá agus d'fhoghlaim sé mórán chomh maith.

Sa seomra suite



Cuid a haon

Tráchttaire Sin iad Seán agus Pádraig. Tá siad sa seomra suite. Tá Pádraig ina shuí ar an gcathaoir.

Seán Cén chuid den Eoraip is fearr leat, a Phádraig?

Pádraig Is fearr liom Éire ná áit ar bith eile.

Seán Á. Tá a fhios sin agam! Ach is í Mór-roinn na hEorpa atá i gceist agam.

Pádraig Is maith liom an Fhrainc go mór, ach tá an Ghearmáin agus an Spáinn an-deas freisin.

Seán Tá an Fhraincis agat, nach bhfuil?

Pádraig Tá. Tá roinnt Fraincise agam, agus tá beagán Spáinnise agam, ach ní féidir liom aon Ghearmáinis a labhairt.

Seán Cén chaoi mar sin ar éirigh leat ar do thuras?

Pádraig Bhí Liam in éineacht liom agus tá labhairt na Gearmáinise aige.

Seán Ó! An bhfuil an Ghearmáinis aige? Bhí a fhios agam gurbh fhéidir leis Spáinnis a léamh agus a scríobh ach ní raibh a fhios agam go raibh aon Ghearmáinis aige.



Tá sé ag léamh



Tá sé ag scríobh

Pádraig Is féidir leis í a labhairt go mall, ach má tá sí mall féin aige tá sí aige go maith. Ní rómhaith a thuigeann sé í áfach, nuair a labhraíonn duine go tapaídh í.

Cuid a dó

Tá Pádraig agus Seán ina suí sa seomra suite.

Tá a fhios ag Seán gur chaith Pádraig a laethanta saoire san Eoraip.

Is maith le Pádraig Mór-roinn na hEorpa ach is fearr leis Éire ná áit ar bith eile.

Is féidir leis an Fhraincis a labhairt. Tá roinnt Spáinnise aige chomh maith ach ní thuigeann sé aon Ghearmáinis. D'éirigh leis ar an turas áfach.

Tá labhairt na Gearmáinise ag Liam agus bhí sé in éineacht le Pádraig ar an turas.

Bhí a fhios ag Seán go raibh léamh agus scríobh na Spáinnise ag Liam ach ní raibh a fhios aige go raibh aon Ghearmáinis aige. D'inis Pádraig dó gurbh fhéidir le Liam an Ghearmáinis a labhairt go mall.



Sin í an Eoraip

Ceirníní



Cuid a haon

Tráchtair Tá Pádraig ina shuí ar an gcathaoir os comhair na tine. Tá Seán ar an stól.

Seán Feicim an seinnteoir ceirníní ar an mbord ansin. Ar thug tú aon cheirnín deas abhaile leat i mbliana?


Pádraig Thug. Thug mé liom cúpla ceann an-deas ar fad. Thug mé dhá cheann Francise agus dhá cheann Spáinnise agus cheannaigh mé ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla chomh maith, ach ní féidir liom aon cheann acu a sheinm duit. Tá an seinnteoir briste.

Seán Is trua sin, ach is cuma. Déanfaidh sé an gnó uair éigin eile.

Pádraig Tá roinnt agam ar théip anseo. Fan nóiméad agus gheobhaidh mé an taifeadán.

Seán Ná bac leis, a Phádraig. Tá orm imeacht. Táim ag dul go dtí an siopa.

Pádraig Táimse ag dul ann chomh maith. Tá tobac uaim.



Sin é an seinnteoir ceirníní



Sin é an píopa

Cuid a dó

Seán Ar mhaith leat toitín?


Pádraig Níor mhaith. Go raibh maith agat. Tá píopa agam.

Sin iad Seán agus Pádraig ag caint le chéile os comhair na tine. Tá Pádraig ar an gcathaoir bhog agus tá Seán ar an stól.

Thug Pádraig cúpla ceirnín an-deas abhaile leis ó Mhór-roinn na hEorpa. Cheannaigh sé dhá cheann sa Fhrainc agus dhá cheann sa Spáinn. Cheannaigh sé ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla freisin. Is dócha gur in Éirinn a cheannaigh sé iad sin.

Tá na ceirníní in aice leis an seinnteoir ceirníní ar an mbord. Ba mhaith leis iad a sheinm do Sheán ach ní féidir leis. Tá an seinnteoir briste.

Tá cúpla ceann ar théip aige. Is féidir leis iad a sheinm ar an taifeadán, ach tá ar Sheán imeacht. Tá air dul go dtí an siopa. Tá ar Phádraig dul go dtí an siopa freisin. Tá tobac uaidh.



Sin é an taifeadán

Sa Siopa



Cuid a haon

Tráchtair Chuaigh Seán agus Pádraig isteach sa siopa chun tobac agus toitíní a cheannach.

Bean an Tí Dia daoibh.

Seán agus Pádraig Dia is Muire duit, a Bhean an Tí.

Bean an Tí Tá an lá inniu go maith.

Pádraig Tá sé go breá, buíochas le Dia.

Bean an Tí Is ea. Céard atá uaibh?

Pádraig Tá unsa tobac uaimse le do thoil.

Bean an Tí Tá go maith. Cén saghas atá uait?

Pádraig Cineál éigin cumhra.

Bean an Tí Ar mhaith leat é seo?

Pádraig An-bhreá ar fad.

Bean an Tí An bhfuil aon rud eile uait?

Pádraig Níl. Go raibh maith agat. Cé mhéad é sin?

Bean an Tí Fiche pingin nua, le do thoil. Go raibh maith agat.

Agus céard atá uaitse, a Sheáin?

Seán An bhfuil na húlla feg, milis?



Sin iad na húlla

Bean an Tí Tá siad an-mhilis. Inniu féin a fuair mé iad.

Seán Tógfaidh mé dosaen, más ea.

Bean an Tí Ceart go leor. A haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé, a seacht, a hocht, a naoi, a deich, a haon déag, a dó dhéag. Dhá cheann déag ar fad. Tá torthaí eile agam chomh maith. Tá na péitseoga agus na piorraí seo an-bhlasta freisin.

Seán Tá mo dhóthain agam anois, ach tabhair dom sé bharra seacláide. Cé mhéad é sin ar fad?

Bean an Tí Seasca pingin. Go raibh maith agat. Slán libh anois.

Seán agus Pádraig Slán agat.



Sin é an barra seacláide

Cuid a dó

Chuaigh Seán agus Pádraig go dtí an siopa. Bhí toitíní agus tobac uathu. Bhí Bean an Tí sa siopa. Labhair sí leo.

Cheannaigh Pádraig tobac ach níor cheannaigh sé aon rud eile. Thug sé fiche pingin air. Cheannaigh Seán toitíní agus cheannaigh sé torthaí agus seacláid chomh maith. Thug sé seasca pingin ar na rudaí a cheannaigh sé.



Sin í an phingin

Múinteoir Cé a labhair le Seán agus Pádraig?

Scoláire Labhair Bean an Tí leo.

Múinteoir Ar labhair Seán agus Pádraig le Bean an Tí?

Scoláire Labhair.

Múinteoir Ar cheannaigh Seán tobac?

Scoláire Níor cheannaigh.

Múinteoir Ar cheannaigh Pádraig tobac?

Scoláire Cheannaigh.

Múinteoir Cén saghas tobac a cheannaigh sé?

Scoláire Cheannaigh sé tobac cumhra.

Múinteoir Cé mhéad tobac a cheannaigh sé?

Scoláire Unsa amháin.

Múinteoir Ar cheannaigh sé aon rud eile?

Scoláire Níor cheannaigh.

Múinteoir Céard a cheannaigh Seán?

Scoláire Toitíní, úlla agus seacláid.

Múinteoir Cé mhéad úll a cheannaigh sé?

Scoláire Dosaen.

Múinteoir Cé mhéad seacláide a cheannaigh sé?

Scoláire Sé bharra.

Múinteoir Cén saghas torthaí a bhí ag Bean an Tí?

Scoláire Bhí úlla, agus péitseoga agus piorraí aici.



Sráid Grafton, Baile Átha Cliath

Ag teacht ón amharclann



Cuid a haon

Tráchtair Tá féile drámaíochta ar siúl. Tá Máire agus Pádraig ag teacht ón amharclann. Castar Seán orthu.

Máire Ar thaitin an dráma leat, a Sheáin?

Seán Thaitin. Shíl mé go raibh na haisteoirí an-mhaith anocht. Ar thaitin sé leatsa, a Phádraig?

Pádraig Thaitin. Chonaic mé cheana é, ar ndóigh.

Seán Cá bhfaca tú cheana é?

Pádraig Sa Damer anuraidh. Bhí sé ann ar feadh coicise.

Seán Céard atá ar siúl sa Damer faoi láthair?

Máire Tá "An Giall" le Breandán Ó Beacháin ar siúl an tseachtain seo, ach tá trí dhráma le bheith ann an tseachtain seo chugainn.

Seán An mar sin é? Céard iad féin?

Máire Níl a fhios agam céard a bheidh ar siúl Dé Domhnaigh, ach beidh "An Triail" le Máiréad Ní Ghráda ann Dé Luain agus Dé Máirt. Beidh "Cóta Bán Chríost" le Críostóir Ó Floinn ann Dé Céadaoin agus Déardaoin, agus, . . . fan go bhfeice mé . . .



Sin iad na haisteoirí



Sin é an clár

Cuid a dó

Pádraig "Gunna Cam agus Slabhra Óir", le Seán Ó Tuama a bheidh ann Dé hAoine, sílim.

Máire Tá an ceart agat. Agus ní bheidh rud ar bith ar siúl Dé Sathairn.

Seán Tá an clár sin go maith.

Pádraig Níl sé go holc. Níl sé go holc in aon chor.

Tá féile drámaíochta ar siúl san amharclann. Bhí Máire agus Pádraig ann anocht. Bhí Seán ann freisin. Castar ar a chéile iad. Tá siad ag caint le chéile in aice leis an amharclann. Thaitin an dráma le Seán agus shíl sé go raibh na haisteoirí an-mhaith. Thaitin sé le Pádraig chomh maith.

Chonaic Pádraig an dráma cheana nuair a bhí sé ar siúl sa Damer. Bhí sé ar siúl san áit sin ar feadh coicise anuraidh.

Tá dráma le Breandán Ó Beacháin ar siúl sa Damer an tseachtain seo agus tá trí dhráma le bheith ann an tseachtain seo chugainn. Beidh dráma le Máiréad Ní Ghráda ar siúl Dé Luain agus Dé Máirt. Beidh ceann le Críostóir Ó Floinn ar siúl i lár na seachtaine agus ceann le Seán Ó Tuama Dé hAoine.

Múinteoir Cá bhfuil an fhéile ar siúl?

Scoláire San amharclann atá sí ar siúl.

Múinteoir Cá raibh Seán anocht?

Scoláire Ag an dráma a bhí sé.

Múinteoir Cá raibh an dráma ar siúl cheana?

Scoláire Sa Damer a bhí sé ar siúl cheana.

Múinteoir Cathain a bhí sé sa Damer?

Scoláire Anuraidh a bhí sé ann.

Múinteoir Cá bhfuil Seán?

Scoláire In aice leis an amharclann atá sé.

Múinteoir Céard atá ar siúl aige?

Scoláire Ag caint le Máire agus Pádraig atá sé.

Múinteoir An bhfaca sé an dráma cheana?

Scoláire Chonaic sé.

Múinteoir An sa siopa a chonaic sé é?

Scoláire Ní hea. Ní sa siopa a chonaic sé é.

Múinteoir Cá bhfaca sé é?

Scoláire Sa Damer a chonaic sé é.

Múinteoir Cathain a bhí an dráma in amharclann an Damer?

Scoláire Anuraidh a bhí sé ann.

Múinteoir Cathain a bheidh "An Triail" ar siúl?

Scoláire Dé Luain agus Dé Máirt a bheidh "An Triail" ar siúl.

Múinteoir Cén dráma atá le bheith ann Déardaoin?

Scoláire "Cóta Bán Chríost" atá le bheith ann Déardaoin.



Buachaillí an dreoilín, Co. Chiarraí

6

Sa teach tábhairne



Cuid a haon

Tráchtair Tá Pádraig agus Seán sa teach tábhairne. Tá siad ag ól.

Pádraig Dia duit, a Sheáin! An bhfuil aon duine leat?

Seán Níl. Táim i m'aonar, ach tá deoch ansin thíos agam.

Pádraig Faigh an deoch agus tabhair i leith anseo í.

Seán Déanfaidh mé . . . Is ea . . . Druid isteach sa chúinne ansin.

Pádraig Ní fheicim Liam anseo in aon chor.

Seán Ní bhíonn sé anseo go rómhínic ó phós sé. Ní dóigh liom go raibh sé anseo in aon chor le mí anuas.

Pádraig Ar éirigh sé as an deoch ar fad ar fad?

Seán Níor éirigh. Níor éirigh in aon chor ach tá cónaí air ar imeall na cathrach anois. Tá teach aige in aice leis an áit ina bhfuil mo dheartháir Éamann.

Pádraig Shíl mé gur lena mháthair a bhí sé.

Seán D'fhan sé léi ar feadh tamaill ach ní raibh ann ach go dtí go mbeadh a theach féin ullamh.

Pádraig Ó, ní raibh a fhios sin agam. Agus deirtear liom go bhfuil a dheirfiúr le pósadh go luath.

Seán Máire an ea?

Pádraig Ní hea. Tá sise pósta le bliain. Síle atá le pósadh. Pósfaidh sí mac le Séamus Ó Catháin.

Cuid a dó

Tá Pádraig agus Seán ag ól sa teach tábhairne. Ní raibh aon duine le Pádraig. Bhí Seán ina aonar freisin. Labhair Pádraig le Seán. Dúirt sé leis a dheoch a fháil agus a thabhairt i leith.

Fuair Seán an deoch agus thug sé i leith í. Dúirt sé le Pádraig druidim isteach sa chúinne. Dhruid Pádraig isteach agus shuigh Seán in aice leis.

Ní fheiceann siad Liam ann in aon chor. Níor éirigh Liam as an deoch ar fad ar fad, ach ní bhíonn sé sa teach tábhairne sin go rómhínic ó phós sé. Is dóigh le Seán nach raibh sé ann in aon chor le mí anuas.

Shíl Pádraig gur lena mháthair a bhí cónaí ar Liam ach ní hea. Tá cónaí air ar imeall na cathrach le tamall. Níor fhan sé lena mháthair ach go dtí go raibh a theach féin ullamh. Ní raibh a fhios sin ag Pádraig.

Dúirt duine éigin le Pádraig go raibh deirfiúr Liam le pósadh go luath. Pósfaidh sí mac le Séamus Ó Catháin. Tá deirfiúr eile leis pósta le bliain.



Sin é an chúinne

Múinteoir Cá bhfuil Pádraig?

Scoláire Sa teach tábhairne atá sé.

Múinteoir An bhfuil aon duine in éineacht leis?

Scoláire Tá. Tá Seán in éineacht leis.

Múinteoir Céard a dúirt Pádraig le Seán?

Scoláire Dúirt sé leis a dheoch a fháil agus a thabhairt i leith.



Tá sé ag ól

- Múinteoir* An bhfuair Seán an deoch?
Scoláire Fuair.
Múinteoir Ar tháinig sé i leith?
Scoláire Tháinig.
Múinteoir Ar shuigh Pádraig síos?
Scoláire Shuigh.
Múinteoir Cár shuigh sé?
Scoláire Sa chúinne a shuigh sé.
Múinteoir Cár shuigh Seán?
Scoláire In aice le Pádraig.
Múinteoir An sa teach tábhairne atá siad?
Scoláire Is ea.
Múinteoir An bhfeiceann siad Liam go minic?
Scoláire Ní fheiceann.
Múinteoir An mbíonn sé sa teach tábhairne sin go minic?
Scoláire Ní bhíonn sé ann go rómhinic ó phós sé.
Múinteoir Cá bhfuil cónaí ar Liam?
Scoláire Ar imeall na cathrach atá cónaí air.
Múinteoir An raibh a fhios sin ag Pádraig?
Scoláire Ní raibh. Ní raibh a fhios sin aige.
Múinteoir Céard a shíl Pádraig?
Scoláire Shíl sé gur lena mháthair a bhí cónaí ar Liam.
Múinteoir Ar fhan Liam lena mháthair ó phós sé?
Scoláire D'fhan sé léi ar feadh tamaill.
Múinteoir An bhfuil Liam le pósadh go luath?
Scoláire Níl. Tá sé pósta le tamall.
Múinteoir An bhfuil Máire pósta le tamall?
Scoláire Tá. Tá sí pósta le bliain.
Múinteoir An í Síle atá le pósadh?
Scoláire Is í.



Seo na gCapall, Baile Átha Cliath



Cuid a haon

Tráchtair Chuaigh Seán ar thuras faoin tuath ar maidin agus cuireadh moill air. Tá sé sa teach tábhairne anois ach ní ólfaidh sé aon deoch eile. Rachaidh sé féin agus Pádraig go dtí óstán atá tamall síos an tsráid.

Pádraig Seo, caith siar é sin agus bíodh cearn eile agat.

Seán Ní ólfaidh mé a thuilleadh anois, a Phádraig, tá ocras orm. Ní raibh aon rud le hithe agam ó am bricfeasta.

Pádraig Níor ith tú aon dinnéar fós? Agus tá am tae buailte linn anois! Ní leor dhá bhéile sa lá do dhuine ar bith.

Seán Tá a fhios agam nach leor, ach ní raibh leigheas agam air.

Pádraig Téanam ort agus gheobhaimid araon rud beag le hithe. Bhí cupán tae ar a ceathair a chlog agamsa, ach tá ocras orm.

Seán Maith go leor. Fan liom. Ní mór dom toitíní a cheannach.



in é an cupán

Pádraig Shíl mé go bhfaca mé bosca mór agat ó chianaibh.

Seán Chonaic tú ceart go leor ach níl mo dhóthain díobh agam.

Fear an Tí An líonfaidh mé arís iad a Mhic Uí Néill?

Seán Ná líon. Toitíní atá ag teastáil uaim.

Fear an Tí Fiche is dócha?

Seán Nach maith a bhí a fhios agat é.

Cuid a dó

Tá Seán agus Pádraig in éineacht le chéile sa teach tábhairne. Tá sé i gceist acu dul tamall síos an tsráid go dtí an t-óstán agus rud beag le hithe a fháil. Tá ocras orthu araon.

Bhí Seán faoin tuath ó mhaidin. Bhí sé i gceist aige teacht abhaile go luath, ach cuireadh moill air. Níor ith sé ach béile amháin inniu. Tuigean sé nach leor dhá bhéile sa lá ach ní raibh leigheas aige air.

Ní dheachaigh Pádraig ar aon turas. D'ith sé a dhinnéar i lár an lae agus d'ól sé cupán tae ar a ceathair a chlog ach tá ocras anois air.

Tá roinnt toitíní ag Seán ach níl a dhóthain díobh aige. Ceannóidh sé a thuilleadh díobh agus ansin rachaidh sé féin agus Pádraig amach.



Sin é an t-óstán

Múinteoir Cá ndeachaigh Seán ar maidin?

Scoláire Faoin tuath a chuaigh sé.

Múinteoir Ar cuireadh moill air?

Scoláire Cuireadh.

Múinteoir Ar ith Seán a dhinnéar faoin tuath?

Scoláire Níor ith.

Múinteoir Ar ith Pádraig a dhinnéar?

Scoláire D'ith.

Múinteoir Cathain a d'ith Pádraig a dhinnéar?

Scoláire I lár an lae a d'ith sé a dhinnéar.

Múinteoir An ndeachaigh Pádraig ar thuras?

Scoláire Ní dheachaigh.

Múinteoir An bhfuil ocras ar Phádraig?

Scoláire Tá. Tá ocras air.

Múinteoir An leor dhá bhéile sa lá do Phádraig?

Scoláire Ní leor.

Múinteoir An leor dhá bhéile sa lá do Sheán?

Scoláire Ní leor. Ní leor dhá bhéile sa lá do dhuine ar bith.

Múinteoir Céard atá ag teastáil ó Sheán anois?


Scoláire Toitíní atá uaidh.

Múinteoir An féidir toitíní a cheannach sa teach tábhairne?

Scoláire Is féidir.




Tá sé ag ithe



Sa phroinnteach

An t-ollmhargadh



Cuid a haon

Tráchttaire Tá Bean an Tí ag cniotáil. Tá nuachtán á léamh ag Fear an Tí.

Fear an Tí Feicim cur síos ar an bpáipéar anseo ar an ollmhargadh nua sa Chuaisín.

Bean an Tí Léigh amach é go gcloisfidh mé cén saghas é.

Fear an Tí Tá go maith.

“Osclaíodh ollmhargadh nua sa Chuaisín, i nGael-tacht Chorca Dhuibhne, Dé Luain. Bhí slua mór i láthair. Bheannaigh an sagart paróiste an áit agus chuir Pádraig Mac Calprainn, Teachta Dála, fáilte roimh gach aon duine agus d’fhógair sé an siopa ar oscailt. Bhí na custaiméirí lánsásta. Labhair ár dtuairisceoir le cuid díobh agus seo a leanas cuid de na nithe a dúradh leis:

‘Ní fhaca mé riamh cheana aon áit chomh breá leis’.
‘Tá na praghasanna an-réasúnta. Fuair mé roinnt rudaí an-saor ar fad anois díreach’.



Tá sí ag cniotáil

‘Is mór an áis dúinn an t-ollmhargadh seo. Bíonn a lán le déanamh agam i rith an lae agus ní bhíonn puinn ama agam chun dul chuig na siopaí. Ní raibh aon mhoill orm anseo inniu. Bhailigh mé a raibh uaim gan aon stró’.

Cuid a dó

Tá Fear an Tí agus Bean an Tí sa bhaile. Tá an nuachtán á léamh ag Fear an Tí, agus tá Bean an Tí ag cniotáil in aice na tine. Feiceann Fear an Tí cur síos ar an bpáipéar ar an ollmhargadh nua a osclaíodh sa Chuaisín Dé Luain. Ba mhaith le Bean an Tí an cur síos a chloisteáil.

Bhí slua mór i láthair nuair a osclaíodh an áit. Bheannaigh an Sagart Paróiste é agus chuir Pádraig Mac Calprainn fáilte roimh gach aon duine.

Labhair tuairisceoir an nuachtáin le cuid de na custaiméirí. Bhí siadsan lánsásta. Dúirt custaiméir amháin nach bhfaca sé riamh cheana aon áit chomh breá leis.

Is mór an áis an t-ollmhargadh nua do dhaoine nach mbíonn puinn ama acu chun dul chuig na siopaí. Tá na praghasanna an-réasúnta freisin.



Sin é an nuachtán

Múinteoir Céard atá ar siúl ag Fear an Tí?

Scoláire Ag léamh atá sé.

Múinteoir An bhfuil an nuachtán á léamh ag Bean an Tí?

Scoláire Níl. Ag cniotáil atá sí.

Múinteoir Cá bhfuil an t-ollmhargadh nua?

Scoláire Sa Chuaisín atá sé.

Múinteoir Cathain a osclaíodh an t-ollmhargadh?

Scoláire Dé Luain a osclaíodh é.

Múinteoir An raibh puinn daoine i láthair ag an oscailt?

Scoláire Bhí. Bhí slua mór i láthair.

Múinteoir Céard a rinne an Sagart Paróiste?

Scoláire Bheannaigh sé an áit.

Múinteoir Agus céard a rinne an Teachta Dála?

Scoláire Chuir sé fáilte roimh gach aon duine agus d'fhógair sé an áit ar oscailt.

Múinteoir An raibh na custaiméirí sásta?


Scoláire Bhí. Bhí siad lánsásta.

Múinteoir Cén cineál praghasanna a bhí ar rudaí ann?

Scoláire Bhí roinnt rudaí an-saor ar fad.



Sin é an sagart



Peil: Craobh na hÉireann, Páirc an Chrócaigh



Cuid a haon

Tráchtair Tá Bean Uí Chatháin agus Bean Uí Néill ag caint faoin amharclann nua.

Bean Uí Néill (Sile) Chuala mé go raibh tú ag an amharclann nua aréir, a Mháire.

Bean Uí Chatháin (Máire) Cé a dúirt é sin leat?

Sile Pádraig a dúirt liom é. Tháinig sé isteach sa teach um thráthnóna agus bhí sé ag rá go bhfaca sé ann tú.

Máire Ní fhaca mise eisean ar chor ar bith. Céard is dóigh leis den amharclann?

Sile Sileann sé go bhfuil an áit rómhór.

Máire Tá an áit mór. Tá cinnte, ach bíonn gach aon cheann acu mór an dtuigeann tú?

Sile Is dócha go mbíonn. Is dóigh le daoine gurb ionann mór agus maith.

Máire Is fíor duit. Dála an scéil, an raibh tú ag caint le Nóra inniu?

Sile Nóra? Cé hí Nóra?

Máire Nóra Ní Shúilleabháin—ó Bhaile an Teampaill.



Is é an teach

Sile Ó! An raibh sí do mo lorg?

Máire Bhuail mé isteach sa leabharlann ar maidin chun leabhar a fháil agus bhí sí istigh romham. Dúirt sí gur theastaigh uaithi labhairt leat.

Sile An bhfuil a fhios agat céard atá uaithi?

Máire Níl a fhios agam. Ní raibh mé ach nóiméad ag caint léi. Bhí orm rith abhaile chun an dinnéar a ullmhú.

Cuid a dó

Bhí Bean Uí Chatháin ag an amharclann nua aréir. Tá a fhios sin ag Bean Uí Néill. D'inis Pádraig di é nuair a tháinig sé isteach sa teach um thráthnóna. Ní fhaca Bean Uí Chatháin Pádraig ag an amharclann ar chor ar bith ach chonaic Pádraig ise.

Bhí Nóra Ní Shúilleabháin ó Bhaile an Teampaill ag lorg Bean Uí Néill inniu. Bhí sí ag caint le Bean Uí Chatháin sa leabharlann ar maidin agus dúirt sí gur theastaigh uaithi labhairt le Bean Uí Néill.

Múinteoir Cá raibh Bean Uí Chatháin aréir?

Scoláire Bhí sí ag an amharclann.

Múinteoir Cé eile a bhí ann?

Scoláire Bhí Pádraig ann chomh maith.

Múinteoir Cé a dúirt le Bean Uí Néill go raibh Bean Uí Chatháin ann?

Scoláire Pádraig a dúirt léi é.

Múinteoir Céard a dúirt Pádraig?

Scoláire Dúirt sé go bhfaca sé Bean Uí Chatháin ag an amharclann nua aréir.

Múinteoir Cathain a dúirt sé é?

Scoláire Um thráthnóna a dúirt sé é.

Múinteoir Cé leis a dúirt sé é?

Scoláire Le Bean Uí Néill a dúirt sé é.

Múinteoir An ndúirt sé le Nóra Ní Shúilleabháin é?

Scoláire Ní dúirt.



Sin í Bean Uí Chatháin

Múinteoir An bhfaca sé Nóra Ní Shúilleabháin ag an amharclann?

Scoláire Ní fhaca.

Múinteoir Cá bhfaca sé í?

Scoláire Ní fhaca sé in aon chor í. Bean Uí Chatháin a chonaic í.

Múinteoir Cá bhfaca sise í?

Scoláire Sa leabharlann a chonaic sí í.



in / an leabharlann



Iascach



Cuid a haon

Tadhg Dia duit, a Sheáin. Is tú díreach an fear atá uaim. Bhí mé do do lorg inné.

Seán Tá a fhios sin agam. Bhí mé as baile. Bhí mé i gCorcaigh. An raibh rud éigin uait?

Tadhg Ba mhaith liom saoire a chaitheamh sa Ghaeltacht i mbliana agus níl a fhios agam céard is ceart dom a dhéanamh faoi.

Seán Hmm. Cathain a gheobhaidh tú do chuid laetheanta saoire?

Tadhg Féadfaidh mé iad a thógáil i mí Meithimh, Iúil, Lúnasa, nó Meán Fómhair.

Seán Tóg i mí an Mheithimh nó i mí Meán Fómhair iad mar sin.

Tadhg Cén fáth?

Seán Is saoire na tithe ósta an dá mhí sin.

Tadhg Rachaidh mé ann i dtosach an Mheithimh mar sin.

Seán Déan. Agus ba cheart duit na socrúithe a dhéanamh láithreach baill ar eagla gach aon áit a bheith in áirithe.

Tadhg Ach conas a chuirfidh mé chuige? Níl aithne agamsa ar aon duine sa Ghaeltacht.

Seán Tá bileog faoi leith i dtaobh saoire sa Ghaeltacht ar fáil.

Tadhg Go raibh míle maith agat a Sheáin. Gheobhaidh mé láithreach í.

Cuid a dó

Múinteoir Cé atá ag lorg an eolais?

Scoláire Tadhg atá á lorg.

Múinteoir Cén fáth go bhfuil sé á lorg?

Scoláire Teastaíonn uaidh saoire a chaitheamh sa Ghaeltacht i mbliana agus níl a fhios aige céard is ceart dó a dhéanamh faoi.

Múinteoir An bhfuil an t-eolas ag Seán?

Scoláire Tá.

Múinteoir Ar thug sé an t-eolas sin do Thadhg inné?

Scoláire Níor thug.

Múinteoir Cén fáth nár thug?

Scoláire Bhí sé as baile inné. Bhí sé i gCorcaigh.

Múinteoir An raibh Tadhg sa Ghaeltacht riamh cheana?

Scoláire Is dócha nach raibh.

Múinteoir An rachaidh sé ann i mbliana?

Scoláire Rachaidh. Rachaidh sé ann i tosach an Mheithimh.

Múinteoir Cathain a gheobhaidh sé a chuid laethanta saoire?

Scoláire I mí Meithimh a gheobhaidh sé iad.

Múinteoir An bhféadfadh sé iad a thógáil i mí Eanáir?

Scoláire Ní fhéadfadh, ach d'fhéadfadh sé iad a thógáil i mí Meithimh, Iúil, Lúnasa nó Meán Fómhair.



Sin é Tadhg

Múinteoir Cén fáth gur i dtosach an Mheithimh a rachaidh Tadhg go dtí an Ghaeltacht?

Scoláire Is saoire na tithe ósta an t-am sin.

Múinteoir Ar cheart do Thadhg aon rud a dhéanamh anois?

Scoláire Ba cheart. Ba cheart dó socruithe a dhéanamh láithreach baill.

Múinteoir Cén fáth gur cheart dó socruithe a dhéanamh láithreach baill? Nach ndéanfadh sé an gnó uair éigin eile?


Scoláire Ní dhéanfadh. Ní dhéanfadh in aon chor. D'fhéadfadh gach aon áit a bheith in áirithe ar ball.

Múinteoir Conas a dhéanfaidh sé na socruithe?

Scoláire I dtosach gheobhaidh sé an bhileog faoi leith atá ann i dtaobh saoire sa Ghaeltacht agus ansin scríobhfaidh sé litir chuig duine éigin sa Ghaeltacht.


Múinteoir An bhfuil a lán eolais aige ar an nGhaeltacht?

Scoláire Níl. Tá a fhios aige cá bhfuil an Ghaeltacht agus tá a fhios aige go labhraítear Gaeilge ann, ach níl aithne aige ar aon duine ann.



Gleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall

Tá Tadhg agus Nóra sa traein



Cuid a haon

Tadhg Is ea. Tá an traein ag gluaiseacht ar deireadh thiar.

Nóra Buíochas le Dia. Nach breá a bheith ag taisteal mar seo!

Tadhg Ar mhaith leat cupán tae anois.

Nóra Ba mhaith, ach ní dóigh liom go mbeidh aon rud le hithe le fáil go fóill. Fiafraigh d'fhear na dticéad más maith leat.

Tadhg Is fearr fanacht go fóill is dócha.

Nóra Féach . . .

Tadhg Is ea?

Nóra Cé hé an fear sin thall ansin?


Tadhg Cén áit?

Nóra In aice leis an doras. Tá sé ag dul isteach sa charráiste eile.

Tadhg Níl aithne agam air. Ní dóigh liom go bhfaca mé riamh cheana é.

Nóra Chonaic mise aréir é. Bhí sé ag Ceolchoirm an Oireachtais.

Tadhg B'fhéidir nach bhfuil an ceart agam, ach silim gur Gaeilge a labhair sé le fear na dticéad.




Sin é an carráiste

Nóra Sin é an rud a cheap mise freisin.

Tadhg Tá sé ag teacht ar ais anois. Tá sé ag déanamh i leith orainn.

Cuid a dó



Tá an traein ag gluaiseacht

Sin iad Tadhg agus Nóra. Tá siad sa traein. Is breá le Nóra a bheith ag taisteal sa traein. Is breá leo araon go bhfuil an traein ag gluaiseacht ar deireadh thiar.

Féadfaidh siad béile a cheannach sa traein. Ní dóigh leo go mbeidh aon rud le hithe le fáil go fóill, áfach. Beidh a fhios ag fear na dticéad cathain a bheidh sé ullamh.

Feiceann Nóra fear in aice leis an doras. Tá sé ag dul isteach sa charráiste eile. Tá aithne aici air. Ní dóigh le Tadhg go bhfaca sé riamh cheana é.

Chonaic Nóra ag Ceolchoirm an Oireachtais é, agus is dóigh léi gur chuala sí ag labhairt Gaeilge le fear na dticéad sa traein é.

Chuaigh an fear isteach sa charráiste eile ach tháinig sé ar ais arís. Tá sé ag déanamh orthu anois.

Múinteoir Cé atá in éineacht le Nóra sa traein?

Scoláire Tadhg atá in éineacht léi.

Múinteoir An bhfuil ocras orthu?

Scoláire Tá.

Múinteoir An féidir béile a cheannach sa traein?

Scoláire Is féidir.

Múinteoir An gceannóidh siad cupán tae láithreach baill?

Scoláire Ní cheannóidh. Is dóigh le Nóra nach mbeidh aon rud le hithe le fáil go fóill.

Múinteoir Ar fhiafraigh siad d'fhear na dticéad an mbeadh cupán tae le fáil.

Scoláire Níor fhiafraigh go fóill. Is fearr leo fanacht tamall eile.



Sin é fear na dticéad

Múinteoir An bhfuil aithne acu ar an bhfear atá thall in aice leis an doras?

Scoláire Tá aithne ag Nóra air. Chonaic sí ag Ceolchoirm an Oireachtais é. Níl aon aithne ag Tadhg air, áfach. Ní dóigh leis go bhfaca sé riamh cheana é.



Faoin Tuath

12

An dóú ceacht déag (12ú)

Ag dul go dtí an Ghaeltacht



Cuid a haon

Séamus Dia daoibh.

Nóra agus Tadhg Dia is Muire duit.

Séamus An bhfuil an suíochán seo á choimeád agaibh do dhuine éigin?

Tadhg Níl. Níl in aon chor. Suigh síos. Tá fáilte romhat.

Séamus Go raibh maith agat. Nach tusa Tadhg Ó Briain?

Tadhg Is mé. Ach níl aon aithne agam ortsa. Cé tú féin le do thoil?

Séamus Is de mhuintir Cheallaigh mé—ó Bhaile an Fhirtéaraigh. Casadh ort mé ag céilí anuraidh.

Tadhg An tú Dónall Ó Ceallaigh?

Séamus Séamas atá ormsa. Deartháir do Dhónall is ea mé.


Agus an í seo do bhean chéile?

Tadhg Ó! Gabh mo leithscéal. Dhearmad mé sibh a chur in aithne dá chéile.

Seo í mo dheirfiúr Nóra.

Séamus Dia duit.

Nóra Dia is Muire duit. An bhfuil tusa ag dul go dtí an Ghaeltacht chomh maith?




Sin é an suíochán

Séamus Táim ag dul chomh fada le Luimneach anocht agus rachaidh mé siar go Baile an Fhirtéaraigh sa bhus amárach.

Nóra Is fearr an traein ná an bus do thuras fada—nó sin é is fearr liomsa ar chuma ar bith.

Séamus Is fíor duit, ach níl leigheas agam air. Níl aon traein ag imeacht ag an am a d'oirfeadh dom.



Sin é an bus

Cuid a dó

Nuair a bhí Séamas Ó Ceallaigh ag dul abhaile sa traein casadh Tadhg Ó Briain agus a dheirfiúr Nóra air.

Bhí siadsan ag dul go Baile An Fhirtéaraigh chomh maith. Bhí siad ag dul ann ar a laetheanta saoire.

Nuair a d'fhiafraigh Séamas díobh an raibh an suíochán in aice leo á choimeád acu do dhuine éigin dúirt Tadhg leis nach raibh.


Shuigh Séamas síos agus labhair siad lena chéile faoi Dhónall Ó Ceallaigh, deartháir do Shéamas.

Labhair Séamas agus Nóra lena chéile faoin turas. Labhair siad faoin Oireachtas chomh maith.

Dúirt Séamas gur thaitin an tOireachtas go mór leis. Chaith siad tamall ag caint faoi na rudaí a chonaic siad agus a chuala siad. Chuaigh Tadhg ansin agus cheannaigh sé seacláid agus torthaí. Thug sé do Nóra iad agus thug sise roinnt do Shéamas.

Chuir Nóra a lán ceisteanna ar Shéamas. Chuir sí ceisteanna air faoi dhaoine agus faoi áiteanna sa Ghaeltacht. Chuir sí ceist air faoin ollmhargadh nua a osclaíodh sa Chuaisín. Dúirt sí go raibh cur síos ar sin sa nuachtáin.

D'inis Séamas di go raibh an t-ollmhargadh an-bhreá agus gur thaitin sé go mór leis na daoine. Bhí mórán rudaí deasa san ollmhargadh agus bhí na praghasanna an-réasúnta ar fad.



Sin í an traein

13

An tríú eacht déag (13ú)

Cuairteoir san oifig



Fear Dia is Muire duit. Is mise Breandán Mac Cárthaigh.

Máire Is cuimhin liom tú, a dhuine uasail. Bhí tú anseo an lá faoi dheireadh. Rinne tú coinne le Mac Uí Chatháin, nach ndearna?

Fear Rinne. Dúirt mé leis go mbeinn anseo ag a trí a chlog inniu.

Máire Níl sé ach a ceathrú chun a trí go fóill, agus is eagal liom go bhfuil duine eile istigh leis faoi láthair.

Fear Fanfaidh mé leis. Níl aon deabhadh orm. Rachaidh mé amach go dtí an seomra feithimh.

Máire Ní gá duit é. Féadfaidh tú fanacht anseo. Gheobhaidh mé cathaoir duit.

Fear Is deas uait sin.

Máire Ar mhaith leat féachaint ar an nuachtán?

Fear Níor mhaith. Tá sé léite agam cheana féin. Go raibh maith agat.

Máire Tógfaidh mé do chóta. Cuirfidh mé ar an gcrochadán thall é.



Sin é an gcrochadán

Fear An mbíonn an bainisteoir chomh gnóthach seo i gcónaí?

Máire Bíonn. Ach ní dóigh liom go mbeidh sé rófhada anois. Is gearr go mbeidh an fear atá leis ag imeacht.

Fear Cén t-am a dhúnann sibh an oifig? Ar a cúig?

Máire Ní hea in aon chor. Ní dhúnaimid go dtí leathuair tar éis a cúig.



Sin í an oifig

Litir Abhaile



Tá an aeraíocht ar siúl



Tá litir ag fear an phoist

Nóra An bhfuil tú ag teacht go dtí an aeraíocht, a Thaidhg.

Tadhg Rachaidh mé siar ar ball. Ní mór dom litir a scríobh ar dtús.

Nóra Fág go dtí amárach é. Níl aon deabhadh leis anois go bhfuil an post imithe.

Tadhg Ní fhágfaidh mé. Níl an post imithe in aon chor fós.

Nóra Is dóigh liom go bhfuil.

Tadhg Deir Bean an Tí go dtiocfaidh fear an phoist ar ais arís ar ball.

Nóra Déan deifir nó beidh an aeraíocht thart.

Tadhg Imigh in éineacht le Seán agus buailfidh mé leat níos déanaí.

Nóra Ceart go leor, ach ná bí i bhfad.

Tadhg Cén t-am anois é?

Nóra Tá sé ag déanamh ar a ceathair a chlog. Ó! Sin é Seán ag gabháil síos an bóthar. Níl dul as agam anois ach fanacht leatsa.

Tadhg An maith leat iad seo?

Nóra Cad iad sin?

Tadhg Cártaí poist is ea iad. Cheannaigh mé inniu iad.

Nóra Tá fear an phoist chugainn. Ní bheidh tú ullamh sula n-imeoidh sé.


Tadhg Iarr air fanacht go fóillín. Beidh an litir seo ullamh agam i gceann nóiméid.



Sin é an cárta poist

15

Ag an gcéili



Fear an Tí A Chairde! Tabharfaimid sos beag do na ceoltóirí go fóill agus anois tá Brian Ó Nualláin chun scéal ón mbéaloideas a insint dúinn. Bhuaigh Brian duais leis an scéal seo ar scoil i mbliana. Turas ar an Oireachtas an duais a fuair sé.

Brian Ó Nualláin Chuaigh Tadhg na Cuaiche ar aonach, lá. Rug sé leis deich bpunt chun gamhain a cheannach. Chonaic sé ceann a thaitin leis. Rinne sé anonn air. Tháinig fear an ghamhna chuige. D'fhiaf-raigh Tadhg de cé mhéad a bheadh uaidh air. Dúirt sé nach ndíolfadh sé é faoi bhun deich bpunt. Thairg Tadhg ocht bpunt air. Chaith siad tamall fada ag margáil le chéile. Rinne siad margadh faoi dheireadh ar naoi bpunt. D'imigh Tadhg ansin agus d'ith sé a dhinnéar. Fuair sé adhastar agus chuir ar an ngamhain é agus ghabh sé an bóthar abhaile.

Tar éis teacht abhaile dó thug sé iarracht ar é a chur sa chró ach ní rachadh sé ann dó. Bhí sé ródhigeanta.



Deich bpunt



Sin é an madra

Ghlaoigh sé ar an madra chun breith air,
ach ní bhéarfadh.
Ghlaoigh sé ar an mbata chun an madra a bhualadh,
ach ní bhuaileadh.
Ghlaoigh sé ar an tine chun an bata a dhó,
ach ní dhófadh.
Ghlaoigh sé ar an uisce chun an tine a mhúchadh,
ach ní mhúchfadh.
Ghlaoigh sé ar an mbó chun an t-uisce a ól,
ach ní ólfadh.
Ghlaoigh sé ar an mbúistéir chun an bhó a mharú,
ach ní mharódh.
Ghlaoigh sé ar an téad chun an búistéir a chrochadh,
ach ní chrochfadh.
Ghlaoigh sé ar an bhfrancach chun an téad a chreimeadh,
ach ní chreimfeadh.

Ghlaoigh sé ar an gcat chun an francach a mharú.
Bhí an caitín glic agus dúirt sé go ndéanfadh—dá dtugadh Tadhg braon beag bainne dó. Thug Tadhg an bainne dó, agus ansin:
Mharaigh an cat an francach.
Chreim an francach an téad.
Chroch an téad an búistéir.
Mharaigh an búistéir an bhó.
D'ól an bhó an t-uisce.
Mhúch an t-uisce an tine.
Dhóigh an tine an bata.
Bhuail an bata an madra.
Rug an madra ar an ngamhain agus chuir Tadhg isteach sa chró é gan dua.
Sin agaibh mo scéal anois agus má tá bréag ann bíodh, ach ní mise a chum ná a cheap é!
Guth Maith thú!



Sin é an gamhain

Tar éis an chéili



Muiris Conas a thaitin an céili libh?

Nóra Thaitin an rince liom ach ní raibh mé ró-shásta leis an scéalaíocht.

Tadhg Chuir mé an-spéis sna hamhráin—go mór mór an dá cheann a dúirt Éamann Mac Conmara.

Caitlín Tá Éamann an-mhaith chuig an sean-nós. Is minic a bhíonn sé ar an Raidió tá a fhios agat.


Nóra Chuala mé go minic ar Raidió na Gaeltachta é. Tá dúil mhór agam sa sean-nós ach is cuma liom ann nó as don scéalaíocht.

Tadhg Is fíor dí. Is minic a deireann sí liomsa go mbíonn an iomarca cur síos ar an tuath agus ar ainmhithe sna seanscéalta.


Nóra Agus bíonn cuid mhaith acu páistiúil freisin.

Muiris B'fhéidir go bhfuil cuid den cheart agat, ach tá a cheird féin ag an scéalaí agus, ar ndóigh, más fíor gurb é saol na tuaithe a léirítear iontu ní hionadh sin. Ní mór a chuimhneamh go mbíodh na scéalta sin á n-aithris in Éirinn sula raibh cathair mhór ná baile mór sa tír.

Caitlín Is ea. Agus is iomaí udar mór a bhunaigh a shaothar litríochta ar scéalta ón mbéaloidas.



Sin é an raidió



Sin iad na hainmhithe



Ceoltóir



Caitlín Céard atá ar siúl anois agat, a Mhuiris?

Muiris Táim ag scríobh aiste don leabhrán atá á ullmhú ag an gcumann staire agus seandálaíochta.

Caitlín Agus cén t-eolas atá agat-sa ar an saghas sin?

Muiris Tá ormsa cur síos a dhéanamh ar na cúirteanna filíochta agus ar an éifeacht a bhí acu. Tá daoine eile chun tuairiscí a thabhairt ar an gceol agus ar an gcaitheamh aimsire.

Caitlín Cé eile a scríobhfaidh aistí daoibh?

Muiris Tá an cathaoirleach le dul isteach sa scoil inniu féachaint an ndéanfadh duine de na Bráithre Críostaí aiste ar na cluichí agus chuala mé inniu freisin go bhfuil an tEaspag protastúnach chun ceann eile a scríobh. Tá sé sin ina údar ar ailtireacht na gcaisleán agus na mainistreacha.

Caitlín Ba chóir go mbeadh an leabhrán go maith, ach is trua gur seanstair ar fad a bheidh ann.

Muiris Ó ní hea. Tá beartaithe againn píosaí a bheith ann faoi scríbhneoirí na linne seo—faoi Mháirtín Ó Cadhain, go ndéanfa Dia trócaire air, agus a leithéidí eile.



É an caisleán


Caitlín An mbeidh cur síos ann faoi . . .

Muiris Is iomaí rud a bheidh ann. Seo. Tar i leith go bhfeice tú an píosa atá déanta agam féin.



Sin é an leabhrán

Na Cúirteanna Filíochta



Nuair a briseadh ar na Gaeil sa 17ú haois d'athraigh an saol Gaelach go mór. Thit na seanscoileanna filíochta as a chéile cheal pátrún. Bhí traidisiún na filíochta an-láidir, áfach. Ní haon ionadh é mar sin go dtagadh na filí le chéile go rialta, go mór mór san ochtú haois déag, chun cúrsaí léinn agus cúrsaí filíochta a phlé. "Cúirteanna Filíochta" a thugtaí ar na cruinnithe sin. Gan amhras, ba mhór idir na cúirteanna agus na seanscoileanna a bhíodh ann roimhe sin.



Príomhfhile an cheantair a bhíodh i gceannas ar chruinniú den chúirt. Díreach faoi mar a bhíonn i gCúil Aodha inniu, bhíodh cnámh spairne éigin le plé ag gach cruinniú.

Daoine bochta ba ea mórán d'fhilí na gCúirteanna agus is do ghnáthmhuintir na hÉireann a bhídís ag scríobh. Cé gur thit na sean-nósanna scríbhneoireachta filíochta ar lár níor dhearmad na filí gurbh iad féin oighrí an tseanléinn. Dá thoradh sin ba mhinic na filí ina gceannairí náisiúnta ina gceantar féin. Maireann cuimhné mórán de na filí i measc Gaeilgeoirí go dtí an lá inniu.



Trá na Rosann

Cuairteoir



Sin é an geata



Sin é an saighdiúir

Máire Éist! Tá duine éigin ag glooch amuigh.

Seán Níor airigh mise aon ní. Tá an geata ar oscailt ar aon chuma.

Máire Breathnaigh amach cibé scéal é. Cuirfidh mé geall go bhfuil duine ann.

Seán Tá an ceart agat. Tá saighdiúir amuigh.

Máire Cén sórt duine?

Seán Saighdiúir . . . nó duine éigin ar aon chuma a bhfuil éide saighdiúra air. Ó Dia duit, a Dhéagláin! Tá míle fáilte romhat! Níor aithin mé ag an ngeata tú.

Saighdiúir Go raibh maith agat, a Sheáin.

Máire An tú sin, a Dhéagláin? Cad ina thaobh go raibh tú ag glooch?

Saighdiúir An madra agaibh faoi deara é. Thosaigh sé ag tafann nuair a tháinig mé go dtí an geata.

Seán Go sábhála Dia sinn!

Saighdiúir Shíl mé go mbeadh Tadhg anseo. Chuir mé scéal isteach chuige ag rá leis go mbeinn anseo.

Máire B'fhéidir go mbeidh sé anseo sul i bhfad. Seo. Tar i leith agus druid aníos chun na tine.



Sin í an Afraic

Seán Déan, a dhuine. Druid aníos agus inis dúinn i dtaobh do shaoire san Afraic.

Saighdiúir Ní saoire a bhí ann, in aon chor, a Sheáin, ach inseoidh mé daoibh mar gheall ar an áit ceart go leor má tá spéis agaibh ann.



Máire Is dócha go raibh saol an-bhreá agaibh amuigh ann.

Saighdiúir Bhí sé an-deas ar fad nuair a chuamar i dtaithe na háite, ach an bhfuil a fhios agat, bhí mé uaigneach nuair a chuaigh mé ann ar dtús.

Máire Bhí is dócha. Cad é an rud is mó a bhraith tú uait?

Saighdiúir Aisteach go leor, na fleánna ceoil. Ní raibh mé ag aon fhleá cheoil le fada.

Seán Shíl mé go raibh tú ag an bhfleá anuraidh.

Saighdiúir Bhí mé sa Mheán Oirthear ar seirbhís leis na Náisiúin Aontaithe an uair sin agus bhí mé ar oilithreacht an airm arú anuraidh.

Máire Ní fhaca tú an fhleá riamh mar sin?

Saighdiúir Bhí mé ag Fleá Cheoil na hÉireann go minic, ach ní raibh mé riamh ag an gceann áitiúil.

Seán Is beag eatarthu. Bhí na mílte ar na sráideanna anseo agus bhí ceol agus amhráin ar siúl i ngach aon áit.



na sráideanna



an ceol

Máire Bhí daoine ar lóistín i ngach aon teach agus bhí béilí le fáil sna siopaí go léir.

Seán Bhí daoine ag gearán ar ndóigh. Cheap siad go raibh an iomarca ólacháin ann.




an teach lóistín

acht a fiche haon (21)

21

t-aonú ceacht is fiche (21ú)

n Cuairteoir



Seán Bhí Déaglán anseo ó chianaibh, a Thaidhg. Theastaigh uaidh tusa a fheiceáil.

Tadhg An ndúirt tú leis go raibh súil anseo liom roimh a hocht?

Máire Dúirt. Bhí mé ag iarraidh é a choinneáil, ach d'imigh sé timpeall a seacht a chlog. Dúirt sé go raibh air obair a dhéanamh.

Seán Shíl mé go raibh saoire aige ó tháinig sé abhaile.

Tadhg Níl sé ach ag cabhrú lena athair ar an bhfeirm.

Máire Buachaill deas atá ann, mhúise.

Seán Agus bhí an saol dian go leor air, a déarfainn, agus é amuigh san Afraic.

Tadhg Táim ag ceapadh nach raibh cúrsaí ró-olc ann. Bhain siad ceol as, agus bhí ardmheas ag na daoine ann ar mhuintir na Náisiún Aontaithe.

Seán Creidim go ndearna siad obair mhaith ann freisin.

Máire Deir daoine áirithe nach ndearna siad dada riamh.



clog



feirm

Ceacht 21 An cuairteoir

Tadhg Deirtear é sin, ach ní fheictear dom go bhfuil sé fíor. Tá Déaglán réidh leis go ceann tamaill ar aon chuma.

Máire Nach mbeidh air filleadh ar an Afraic arís?

Seán Ní bheidh. Tá scata eile ag dul amach chucu an mhí seo chugainn. Bhí an scéal sa nuachtán inniu.



an buachaill



Tráchtair Tá Tadhg agus Nóra ar a laethanta saoire. Is gearr eile go mbeidh siad ag imeacht abhaile. Tá Tadhg ag tabhairt cuireadh do Mhuiris agus do Chaitlín teacht chun dinnéir in Óstán na Carraige.

Tadhg Nach álainn ar fad an lá é? Is breá daoibhse a bhíonn anseo i gcónaí.

Muiris Ní bhíonn an aimsir chomh breá seo i gcónaí. Bíonn an geimhreadh go dona.

An fada atá fágtha agat?

Tadhg Dhá lá. Ó! Tá Caitlín chugainn.

Bhí mé díreach ag meabhrú do Mhuiris, a Chaitlín, go mbeadh ár laethanta saoire thart arú amárach.

Caitlín Beidh mhuisse. Nach trua é go dtagann deireadh leo?

Tadhg Is trua. Ba mhór linn an bheirt agaibh a theacht chun dinnéir linn in Óstán na Carraige istoíche amárach.

Caitlín Cad a dhéanfaidh na páistí?

Muiris Tabharfaidh mise aire do na páistí.



an geimhreadh

Tadhg Ba bhreá sibh araon a bheith linn. Ná bac leis na páistí. Ní bheidh aon bhaol orthu.

Caitlín Rachaidh mise ann má théann tusa ann.

Tadhg Cuirfidh mé glooch gutháin ar an Óstán anois agus cuirfidh mé bord in áirithe.

Muiris An gá é sin?

Tadhg Mura ndéanfainn sin b'fhéidir nach mbeadh ceann ar bith le fáil amárach.



na páistí



Freastalaí Seo duit an biachlár, a dhuine uasail.

Ar mhaith libh deoch ar dtús?

Tadhg Ba mhaith. Céard a ólfaidh tú, a Nóra?

Nóra Ólfaidh mé braoinín seirise, go raibh maith agat.

Muiris Braon fiona domsa, le do thoil.

Caitlín Déanfaidh sú oráiste mo ghnó go breá.

Ní ólaimse in aon chor.

Tadhg Agus gloine beorach domsa.

Freastalaí Go raibh maith agat, a dhuine uasail.

Tabharfaidh mé chugaibh na deochanna láithreach baill agus féadfaidh sibh an béile a ordú ansin.

Tadhg Tá mórán daoine anseo anocht nach bhfuil?

Nóra Tá. Tá an áit lán go doras. Seo chugainn an freastalaí cheana féin leis na deochanna. Tá an freastal an-mhaith anseo.

Tadhg Sláinte mhaith chugaibh!

Muiris Go mbeirimid beo ar an am seo arís!

Tadhg Léifidh mé an biachlár féachaint cén rogha atá ar fáil.



na deochanna

BIACHLÁR

Anraith tiubh

Anraith tanaí



Turcaí Rósta agus Liamhás Luimnigh



Mairteoil Rósta



Cos Caoireola agus anlann



Muiceoil Rósta agus anlann úll



Prátaí Rósta nó Brúitín



Pónairí nó Cabáiste



Traidhfil



Uachtar Reoite



Torthaí Úra



Tae

Caifé



an freastalaí

Freastalaí Céard is maith libh a ithe, a dhaoine uaisle?



Fear Táim ag lorg lóistín, a Bhean an Tí.

Caitlín Is eagal liom nach bhfuil slí ar bith fágtha agam. Tá mórán cuairteoirí timpeall. B'fhéidir go mbeadh áit ag Liam Ó Néill.

Fear Bhí mé thiar le Liam anuraidh, ach tá socrú déanta aige buachaillí ón gcoláiste Gaeilge a choimeád i mbliana.

Caitlín An bhfuil a fhios agat an teach ósta ar an mbóthar go Sean-Talamh? Cuirfidh mé geall leat anois go mbeadh slí ansin.

Fear Bhí mé istigh an lá faoi dheireadh ann.

Is deas an áit é, ach tá sé róchostasach.


Tá seomra folctha príomháideach le gach seomra leaptha ann—agus táillí dá réir.

Caitlín Fan ansin nóiméad. Tabharfaidh mé anuas mo dheirfiúr chugat. A Pheig!


Peig Is ea. Céard atá uait?

Caitlín Tá fear anseo ag fiosrú faoi lóistín.

Bhí sé chun fanacht le Liam Ó Néill ach níl leaba ar bith fágtha ag Liam.




n seomra folctha



n leaba

Peig Nach bhfuil? Agus níl slí ag a iníon ach an oiread is dócha. Níl a fhios agam an mbeadh áit i dTeach an Droichid?

Caitlín B'fhéidir go mbeadh. Buail soir ansin agus abair le Bean an Tí go raibh tú anseo, agus gur mise a chuir chuici tú.



Teach an Droichid

Ceacht a fiche cúig (25)


25

An cúigiú ceacht is fiche (25ú)

Tar isteach ón mbáisteach



an bháisteach



an staire

Bean an Tí Tar isteach. Báfar amuigh ansin tú faoin mbáisteach.

Chuir Bean Uí Mheára anseo tú, a deireann tú.

Fear Chuir. Dúirt sí gur cheap sí go mbeadh seomra agat. Dúirt sí go gcabhrófá liom.

Bean an Tí Déanfaidh mé é sin. Dála an scéil, nach tusa a bhí thoir ag Liam Ó Néill anuraidh?

An bhfuil tú mór leis i gcónaí?

Fear Táim, ach tá buachaillí ón gcoláiste ag teacht chuige.


Bean an Tí Tá. Bhí siad aige an mhí seo caite freisin. Chonaic mé scata acu ag gabháil thart anois féin. Is ea. Tá seomra agamsa ach níl a fhios agam an mbeadh sé oiriúnach duit, seo leat go bhfeice tú é.

Fear Ceart go leor.

Bean an Tí Sin é é. Breathnaigh air agus abair liom é mura bhfuil tú sásta. Níl aon leictreachas againn go fóill, ach tá an gás go maith mar sholas.

Fear Beidh mé lánsásta liom féin anseo.



Bean an Tí Tá an seomra folctha trasna anseo ag barr an staire.



Fear Measaim go bhfuil gach aon rud i gceart. Cé mhéad a bheidh air?

Bean an Tí An mbeadh dhá phunt déag in aghaidh na seachtaine róthrom ort?

ticéid



gluaisteán

Tadhg Tá Seosamh amuigh.

Caitlín Níor chuala mé aon ghluaisteán ag teacht.

Tadhg Rothar atá aige. Dé bheathasa chugainn, a Sheosaimh.

Seosamh Go maire sibh. An bhfuair sibh na ticéid don chluiche ó Shéamas?

Tadhg Fuair mé ceann uaidh. Ní thabharfadh sé a thuilleadh dom.

Seosamh Níl siad aige. Ní raibh aige ach ceann amháin nuair a bhí sé sa bhaile ar maidin. Deir sé go bhfuil siad an-ghann.

Tadhg Sin é a chuala mé inniu. Bhí fear anseo agus dúirt sé gur cheannaigh sé ceann ar chúig phunt inné.

Caitlín Is mar sin a bhíonn i gcónaí do na cluichí tábhachtacha.

Seosamh Beidh slua mór i láthair is dócha ag na cluichí Dé Domhnaigh.

Tadhg Beidh. Bíonn slua mór i láthair i bPáirc an Chrócaigh do Chraobh na hÉireann—sa pheil agus san iománaíocht.




rothar




iománaíocht

Seosamh Mar sin féin deirtear go bhfuil meath ag teacht ar na cluichí.


Tadhg Deirtear. Ach ní chreidim é. Bhí mé ag éisteacht le fear ar chlár teilifíse an oíche faoi dheireadh agus dúirt sé go bhfuil suas le céad míle duine idir fhir agus bhuachaillí á n-imirt anois.



Páirc an Chrócaigh



Tráchtair Ní rud nua é sliotar ná camán. Níl a fhios ag aon duine cathain a imríodh na cluichí seo don chéad uair. Tá iománaíocht á himirt le breis is dhá mhíle bliain agus tá an pheil chomh haosta céanna. Is beag duine in Éirinn nár imir ceann de na cluichí seo uair éigin.



an camán

Tadhg Féach an suaitheantas, a Sheosaimh!

Seosamh Nílímse chun ceann a chur ar mo chasóg. Is fearr liomsa hata páipéir.

Tadhg Fiafraigh de cá bhfuair sé é.

Seosamh Chonaic mé é á cheannach. Bhí fear á ndíol agus sinn ag teacht isteach.


Tadhg Ó! Sin é an tArd-Easpag ag déanamh ar an mbosca ina bhfuil an Taoiseach.

Seosamh Bhí an t-ádh linn an áit seo a bhaint amach. Tá radharc ar gach aon rud ón ardán seo. Féach na sluaite thall ar Chnoc a Sé Déag agus ar Sheastán Uí Ógáin!

Tadhg Tá thart ar nóch míle duine anseo a déarfainn.



an sliotar




an suaitheantas


Seosamh Féach thall in aice leis an staighre—tá an tUachtarán ag teacht isteach, sílim.

Tadhg Feicim Buíoncheoil Ard Aidhne thíos ag bun na páirce. Tá siad á n-ullmhú féin chun Amhrán na bhFiann a sheinm.

Turas ar an Ardchathair



na málaí



an giolla



an tacsal

Tadhg Tabhair dom iad sin. Cuirfidh mé sa tacsal iad.

Muiris Nach raibh gluaisteán agat nuair a bhí tú i gCiarraí an lá faoi dheireadh?

Tadhg Tá gluaisteán agam le dhá mhí anuas ach tagaim isteach sa chathair ar an traein.

Muiris Cár imigh an giolla a thug amach na málaí dúinn?

Tadhg Tá sé imithe ar ais isteach sa stáisiún.

Muiris Shíl mé go dtiocfadh sé amach chugam. Theastaigh uaim síntiús láimhe a thabhairt dó.

Tadhg Rinne mise é sin. Thug mé deich bpingin dó. Ar aghaidh libh anois.

Caitlín Feicimid ar ball tú mar sin.

Tráchttaire Tá Muiris agus Caitlín ag taisteal sa tacsal. Cuireann Caitlín ceist ar Mhuiris.

Caitlín Cén áit é sin, a Mhuiris?
Cén foirgneamh é sin thall?

Muiris Sin é Halla na Saoirse. Is anseo díreach a tháinig na hÓglaigh le chéile don Éirí Amach fadó.

Caitlín Ní raibh foirgneamh ard mar sin ann i 1916.


Muiris Ní raibh. Tá a fhios agam go maith nach raibh. Tógadh an áit sin ar láthair an tseantí.

Caitlín Féach ar na gluaisteáin go léir, a Mhuiris. Tá an trácht an-dona anois. Níl a fhios agam an éireoidh liom mo chuid siopadóireachta a dhéanamh in aon chor.




an chathair

mBaile Átha Cliath



an gúna



an dealbh de Chú Chulainn

Tadhg Cá rachaidh sibh anois?

Nóra Ag siopadóireacht. Teastaíonn ó Cháitlín gúna a cheannach.

Tadhg Agus céard fútsa, a Mhuiris?

Muiris Ba mhaith liomsa cuairt a thabhairt ar roinnt de na háiteanna stairiúla sa chathair.

Tadhg Rachaimid ar bhus chomh fada le hArd-Oifig an Phoist go bhfeice tú an dealbh de Chú Chulainn atá ann.

Muiris Sin an rud a dhéanfaimid. Agus seo roinnt eile de na rudaí atá socair ag Caitlín dúinn: dul go dtí an Músaem Náisiúnta, go Cill Mhaighneáin, agus ina dhiaidh sin go Reilig Ghlasnaíon agus . . .

Tadhg Stop, a dhuine! Tá Glasnaíon i bhfad amach agus ní bheadh an Príosún ar oscailt inniu.

Muiris Níor mhaith liom dul abhaile mar sin féin gan roinnt de na háiteanna stairiúla a fheiceáil.

Tadhg Tá a fhios agam nár mhaith ach ní féidir gach aon rud a fheiceáil in aon lá amháin.

Muiris Cad a dhéanfaimid más ea?



Ard-Oifig an Phoist

Tadhg Rachaimid isteach sa Mhúsaem ar dtús agus tabharfaimid cuairt ar chúpla áit . . .

Nóra An íosfaidh sibh aon dinnéar?

Tadhg Íosfaimid ár ndinnéar i dteach ósta éigin i lár na cathrach, agus is féidir linn bualadh libhse ina dhiaidh sin.



Tadhg Dála an scéil, a Liam, ar dhíol tú an seanghluasteán a bhí agat?

Liam Dhíol. Dhíol mé é nuair a cheannaigh mé an ceann nua.

Pádraig Bhí an ceann sin go maith, mhuisse.

Liam Ní raibh. Bhí sé ag titim as a chéile. Ní bhíonn aon mhaith iontu tar éis cúpla bliain.

Pádraig “Tar éis cúpla bliain”, a deir sé. Bliain díreach a bhí an ceann sin agat, nach ea?

Liam Ná bí ag magadh fúm. Bhí sé tamall fada agam.

Tadhg Bheadh sé ciallmhar gan iad a choimeád rófhada.

Liam Bheadh sé deas ceann nua a fháil gach aon bhliain, ach féach an costas a bheadh ar a leithéid.

Pádraig Tá an ceart agat. Tá siad ródhaor ar fad.

Tadhg Nach bhfuair tusa ceann le déanaí chomh maith, a Phádraig.

Pádraig Ní bhfuair. Níl aon cheann anois agam.

Liam Nach bhfuil? Mheas mé go ndeachaigh tú thart i ngluasteán an t-am seo aréir.



seanghluasteán




gluasteán nua

Pádraig Ní dheachaigh, mhuisse. Ó, féach! tá sé ag déanamh ar a naoi. Má thagann Seán, a Thaidhg, abair leis go raibh orm imeacht go luath.

Tadhg Déarfadh má fheicim é.

Caitlín Tógfaidh mé na gloíní seo, a dhuine uasail.

An clár teilifise



Tráchtair Tá an clár teilifise thart. Bhí sé go maith.

Tadhg Bhí an clár sin go maith. Is maith liom go mór bheith ag féachaint ar na capaill is iad ag léimt.

Nóra B'fhearr liomsa go mór bheith i láthair ag an taispeántas. Is breá liom na dathanna go léir a fheiceáil! An bhfaca tú an oiread sin dathanna le chéile riamh?

Dubh, bán, gorm, dearg, buí, uaine, mar a bheadh seoda ar an bhféar glas.

Liam Caithfidh tú "Lá na mBan" ann is dócha?

Nóra Caithfidh, le cúnaimh Dé.

Seán Dia daoibh. Ó! Táim déanach! Tá an teilifís thart. Cé a bhuaigh an corn?

Tadhg An Captaen Ó Ceallaigh ar Loch Laoi. Chuaigh sé timpeall an chúrsa an-mhear ar fad.

Seán Cé mhéad locht a bhí air?


Liam Ní raibh aon locht air. Ghnóthaigh sé lánmharc ar gach aon bhabhta. Dóbair dó uair nó dó, áfach.



a seoda


Nóra Ní aithneoinnse droch-iarracht thar sár-iarracht.

Tadhg Bhuail cosa deiridh an chapail barr ceann de na geataí agus chroith sé go maith é. Ba dhóigh leat go dtitfeadh sé, ach níor thit. Chaith sé cré agus clocha isteach san uisce uair eile ach níorbh aon díobháil é sin.



na clocha

Capaill



an marcach



an tráchttaire

Liam Marcach an-mhaith is ea é siúd.

Seán Rinne sé dearmad amháin a déarfainn.

Tadhg Dúirt an tráchttaire nach ndearna, ach rinne sé trí cinn inné. Thug sé faoin ngeata, ach leag sé é.

Seán Bhí leithscéal aige. Bhí sé gan bheith ar fónamh.

Liam Féach! Sin é “Corn na Náisiún”. Beidh an tUachtarán ann ar ball agus feicfidimid é á thabhairt don Cheallach.

Tadhg Tá sé ceithre bliana ó fuair saighdiúir ó Arm na hÉireann aon duais mhór anseo.

Liam Nach raibh foireann ón Arm anseo anuraidh?

Tadhg Bhí, ach ceapaim nach bhfuair siad aon duais.

Seán Ní raibh an Ceallach ag marcaíocht an tráth sin.

Tadhg Nach raibh?

Seán Ní raibh. Sin é an uair a bhí lámh leis briste.

Liam An bhfaca sibh ar an bpáipéar cad a dúirt an Coirnéal Ó Néill ag an gcruinniú an oíche faoi dheireadh?

Tadhg Ní fhaca mé.

Liam Dúirt sé nach bhfuil go leor capall ann do na taispeántais go léir a bhíonn ar siúl. Dúirt sé arís é dhá mhí ó shin.

Tadhg Ní ceart dó bheith ag caint mar sin. Níl aon easpa capall orainn. Easpa oiliúna do mharcaigh óga an rud is mó atá ag cur as dúinn nach ea?

Liam Bíodh geall gurb ea.

Teacht a tríocha trí (33)


33

An tríú ceacht is tríocha (33ú)

Domhnach Cásca



na rinceoirí



na bratacha

Tadhg Tá mórán turasóirí timpeall inniu.

Liam Bíonn an chathair lán don Cháisc i gcónaí. Seo, brostaigh ort. Beidh na sluaite ag teacht ón Aifreann.

Tadhg Ná bíodh aon deabhadh ort. Ligfidh Seán isteach sinn san áit a dtéann sé ag obair. Rachaimid in airde staighre ann agus beidh radharc an-mhaith againn.

Liam Ní fhaca mé an áit sin oscailte riamh ar an Domhnach.

Tadhg Ní gnáthdomhnach é seo, agus mórshiúl an-speisialta is ea Mórshiúl na Cásca. Is é seo an t-aon uair amháin sa bhliain a mbíonn an tArm ag máirseáil ar shráideanna na cathrach.

Liam Is fearr liomsa na bannaí ceoil, na rinceoirí agus eagraíochtaí dála Chonradh na Gaeilge agus na cumainn spóirt, ná aon chuid eile den pharáid. Bíonn an roinn tionsclaíoch den pharáid go deas freisin.

Tadhg Nach deas iad na bratacha agus na bláthanna go léir thuas ansin? Cé a chuir ann iad?

Ceacht 33 Domhnach Cásca

Liam Fir ón mBárdas a rinne é. Bhí mé ann agus iad á gcur suas.


Tadhg Ní raibh aon duine ag obair orthu nuair a bhí mise anseo inné agus bhí sé i ndiaidh a ceathair an uair sin. Is dócha gur ina dhiaidh sin a tháinig siad.

Liam Tá an t-ádh linn. Sin é Seán ag an doras.



na bláthanna

Rásaíocht



Nóra Ní mór dom brostú, a Shíle. Táim ag súil le Seán a theacht abhaile.

Síle Shíl mé go raibh sé sa bhaile cheana féin. Chonaic mé ag gabháil i dtreo an tí é agus mé ag teacht i leith ó chianaibh.

Nóra Bhí sé sa bhaile ach d'imigh sé isteach sa tsráid. Tá rud éigin cearr leis an ngluaisteán agus tá sé ag iarraidh ceann eile a fháil ar cíós.

Síle Tá súil agam go n-éireoidh leis ceann a fháil. Tá an-éileamh orthu ag daoine atá ag dul chuig na rásaí sa Churrach.

Nóra Is chun dul go dtí an Currach atá an gluaisteán uainne chomh maith.

Síle Ní bhacaimse riamh le rásaí. Níl aon eolas agam faoi chúrsaí capall.


Nóra Is beag eolas atá agam féin fúthu. Cuirim geall beag ar chapall nuair a thaitníonn a ainm liom. Ní mar sin do Sheán, áfach.

Síle Cuireann sé geall gach aon lá, is dócha.

Nóra Ní chuireann. Ach tá an-chur amach aige ar na capaill. Níl capall ná marcach sa tír nach bhfuil a stair agus a thréithe aige.



ag gabháil i dtreo an tí



an capall



an marcach

Síle Is deacair cuntas a choimeád orthu go léir.

Nóra Is deacair mhuisse . . . Ó féach! Tá sé an-déanach. Caithfidh mé brostú nó beidh Seán sa bhaile romham.

Síle Fanfaidh sé leat.

Nóra Fanfaidh, ach ní róshásta a bheidh sé. Gheall mé dó ar maidin go mbeinn ullamh nuair a thiofadh sé abhaile.

Dea-scéal



Sile Ghlaigh Breandán Ó Murchú fad a bhí tú amuigh.

Seán Is mór an crá é. Bhí sé anseo nuair a d'éirigh mé ar maidin. Cad a bhí uaidh an turas seo?

Sile Go gcuirfeása ticéad do cheolchoirm na Cásca chuige.

Seán Chuir mé chuige iad.

Sile Ní foláir nó ní bhfuair sé iad mar sin. Cad é an saghas duine é, cibé scéal é?


Seán Cráiteachán is ea é, ach tá sé macánta. Tá sé simplí ann féin.

Sile Shíl mise gurbh amadán amach is amach é. Bhí sé ag fiafraí díom an bhfeicim go minic tú. An bhfeicim m'fhear céile féin!

Seán Níl a fhios agam cad a bhí air, ach ní haon amadán é. Dála an scéil, ar léigh tú an litir a d'fhág mé ar an mbord nuair a d'imigh Nóra?

Sile Níor léigh. Ní dúirt tú liom í a léamh. An bhfuil aon dea-scéal inti?

Seán Deirimse leat go bhfuil. Mise a ceapadh-don phost nua.



na ticéid



an ceolchoirm



an litir

Sile Comhghárdeachas. Tá sé tuillte go maith agat.

Gabh amach agus inis do do mháthair mar gheall air.

Seán Tá an t-eolas aici, agus acu ar fad cheana féin.

Bhí mé ag caint le m'athair sa tsráid.

Sile Céard a dúirt sé?

Seán "Téigh abhaile láithreach", ar seisean, "agus inis do Shíle faoi".

Ní dhearna sé comhghárdeachas liom ná faic.



Muiris Cá bhfuil do pheann, a Chaitlín?

Caitlín I mo mhála.

Muiris Tóg amach é agus cuir nóta chuig Donnchadh ag rá leis teacht ag triall orainn tráthnóna Dé Sathairn chun sinn a thabhairt go stáisiún na traenach.

Caitlín Déanfaidh mé.

Muiris An bhfuil sé féin chun turas na cruaike a dhéanamh?

Caitlín Níl. Bhí sé ann cheana agus measann sé go bhfuil sé ró-dhainséarach.

Muiris Tá a fhios aige gach aon rud ina thaobh más fíor go ndearna sé cheana é.

Caitlín Cé acu sagart a bheidh ar an traein ar a mbeimidne?

Muiris An sagart óg, is dócha. An sagart paróiste a chuaigh ann anuraidh.

Caitlín Nach é an sagart paróiste a thug an bhileog eolais duit?

Muiris Do b'é. Is é atá á eagrú.



chruach

Caitlín Deirtear go bhfuil Ciarán Mac Cárthaigh ag dul ann don fhichiú huair.

Muiris Is ea. Níl a fhios agam an é an fichiú nó an deichiú huair aige é, ach is iomaí turas a thug sé ann. Bhí sé ag insint dom fúthu. Deir sé gur minic a chonaic sé timpiste ann.

Caitlín M'anam gur shábháil Ciarán féin duine ann lá.


Muiris Chuala mé é sin. Gortaíodh fear in aice leis agus bhí ar Chiarán a chasóg féin a chur anuas air chun é a choinneáil te.

Caitlín Is fearr duit an nuachtán a chur uait agus dul a chodladh. Ní bheidh tú in ann éirí ar maidin.



ag dul suas

Óráid Thaidhg



Nóra An mbeidh Síle agus a fear céile ann?

Tadhg Beidh. Agus beidh deartháir Sheáin ann.

Nóra Níl aon ghluaistean aige.

Tadhg Caithfidh Seán gabháil faoina choinne. Rachaidh sé faoi choinne Mhuiris chomh maith.

Nóra Níl aon chiall aige. Téann sé ag triall ar gach aon duine i gcónaí.

Tadhg Is ea. Caithfidh mé féin cúpla focal a rá tar éis an dinnéir agus níl aon tuairim agam cad ba cheart dom a rá.

Nóra Níl aon tuairim agamsa ach an oiread.

Tadhg Cad a déarfá leis seo mar thús:

“A Chathaoirligh, a dhaoine uaisle,
Cé nach bhfuil aon taithí agam ar labhairt go poiblí,
tá áthas orm . . .”

Nóra Ná habair é sin. Labhair go nádúrtha leo agus is fearr a éireoidh leat.



g labhairt go poiblí

Tadhg Cad is dóigh leat de seo, más ea:

Cúis áthais dom gur iarradh orm labhairt anseo anocht. Gabhaim buíochas libh as ucht fáilte mar seo a chur romham.


Tá rath ar an eagraíocht seo inniu de bharr na hoibre a rinneadh le bliain anuas. Bliain is an taca seo bhí sí beagnach scriosta mar eagraíocht. Ach, trí . . .

Nóra Is féidir an cathaoirleach nua a mholadh ach b'fhearr duit gan aon duine a cháineadh.



Tá áthas orm

An cruinniú



n scoil

Tráchtair Bhí cruinniú de na tuismitheoirí agus de na múinteoirí, sa scoil, aréir. Bhí Síle ann. Ní deascála a fuair sí. Bhí an múinteoir matamaitice míshásta le dul chun cinn na bpáistí. Dúirt sé gur mhínic nach ndearna Seán a ceachtanna baile.


Liam Go bhfoire Dia orainn! Cad a dhéanfaimid in aon chor leo?

Síle Ar dtús iad a stopadh ag insint bréag. Dúirt Seán leis an múinteoir gur chaill sé dhá théacsleabhar—rud nach ndearna.

Liam Cá bhfios duit nach ndearna? Bhí sé ag cuardach a chófra dóibh aréir.

Síle Chuardaigh mise a mhála, agus fuair mé ann iad. Ní raibh siad cailte, ach níorbh fhiú leis a mhála a chuardach i gceart.

Liam Labróidh mé leo a luaithe is a bheidh an litir seo críochnaithe agam. Caithfidh siad aire a thabhairt dá gcuid leabhar.



n cófra

Síle Caithfidh siad. Caithfidh siad freisin a gcuid ceachtanna a dhéanamh. Dúirt an múinteoir matamaitice go bhfuil an bheirt acu neamh-chúramach agus gur mínic a thagann Seán isteach agus gan aon obair bhaile déanta aige.

Liam Ní bheidh aon chead acu feasta féachaint ar an teilifís gan a gceachtanna a bheith déanta ar dtús, agus scrúdóidh mé na ceachtanna freisin ar eagla iad a bheith á ndéanamh ar nós cuma liom.

Síle Tá siad á ndéanamh anois díreach, ach beidh deireadh acu sula mbeidh an litir scríofa agat. B'fhearr féachaint orthu ar dtús.



an múinteoir



an feirmeoir

Tadhg Ní maith liomsa in aon chor an t-athrú atá ag teacht ar an áit seo.

Liam Cad ina thaobh nach maith? Nach athrú chun feabhais é?


Tadhg Ní hea mhuisse. Nuair a bhí mise i mo fhear óg bhí mórán feirmeoirí beaga anseo, agus féach conas mar atá an scéal anois.

Liam Is fíor gur thréig mórán daoine an talamh le blianta anuas ach ní anseo amháin a tharla an saghas sin. Fadhb idirnáisiúnta is ea bánú na tuaithe.


Tadhg B'fhéidir é sin, ach is é an talamh an saibhreas nádúrtha is tábhachtaí agus dá réir sin is í an fheirmeoireacht an tionscal is tábhachtaí sa tír.

Liam Ní shéanaim tábhacht na talmhaíochta ach is dóigh liom go bhfuil ré na bhfeirmeacha beaga ag imeacht.

Tadhg Má tá, ní fhágann sin gur maith an rud é. Dá mbeifí sásta níos mó airgid a chur isteach sna feirmeacha beaga ní bhéadh aon ghá éirí astu.



an t-airgead




an mhonarcha

Liam Ní aontaím in aon chor leat. Tá mórán airgid curtha isteach sa talmhaíocht sa Chontae seo agus cén toradh atá air? Is beag lá nach mbíonn feirm éigin ar díol.


Tadhg Cén leigheas atá ar an scéal mar sin?

Liam Ba chóir na feirmeacha beaga a chur le chéile i gcaoi go bhféadfaí maireachtáil orthu agus dá mbunófaí monarcha d'fhéadfaí na daoine a d'éireodh as an talmhaíocht a fhostú.


Cead pleanála le haghaidh monarchan



an t-ailtire



an tógálaí



Pádraig Céard a tharla nuair a chuaigh sibh isteach san oifig phleanála inniu?

Liam Mhóthaigh mé nach fáilte ach doicheall a bhí acu romhainn.

Tadhg Chuir an cléireach ó dhuine go duine sinn i dtosach báire.

Liam Agus nuair a chasamar leis an oifigeach pleanála dúirt sé nach bhféadfadh sé rud ar bith a rá go bhfeicfeadh sé an plean.

Pádraig Bhí an ceart aige.

Tadhg Ach cad atá le déanamh anois againn?


Pádraig Ba cheart daoibh, ar dtús, bainisteoir a mbeadh na cáilíochtaí cearta aige a fhostú.

Tadhg Cad is cáilíocht cheart ann?

Pádraig Duine oilte a mbeadh tairbhí aige ar an obair.

Liam D'fhéadfaimis comhairle a fháil uaidh sin.

Pádraig D'fhéadfadh sibh. Agus nuair a bheadh an chomhairle faighte b'fhéidir ailtire a chur ag obair. Dhéanfadh an t-ailtire an t-ainíocht agus is dócha go bhféachfadh sé chuige go ndéanfadh an tógálaí a chuid oibre i gceart.



an scuchair

Tadhg An mbeadh innealtóir uainn chomh maith?
Pádraig Fág faoin ailtire é sin, ach cuir fógra sa nuachtán ag lorg bainisteora . . . Tá sé ag éirí dorcha, nach bhfuil? Lasfaidh mé an solas.

Tadhg Déanfaidh mise é. Tá an scuchair anseo in aice liom.



Cathain a tháinig na Gaeil go hÉirinn? Tá fianaise ann go bhfuil daoine in Éirinn leis na mílte bliain. Ní fios cathain a tháinig na Gaeil anseo, ach síleann údair áirithe gur timpeall na bliana trí chéad caoga roimh Chríost a tháinig siad.

Ba daoine arda fionna iad na Gaeil i gcomparáid leis na daoine a mhair i ndeisceart na hEorpa fadó.

Bhí dúil mhór ag na Gaeil san fhilíocht agus sa litríocht. Maireann cuid den tseanlitríocht go dtí an lá inniu. Bhí oiliúint mhaith orthu in obair láimhe agus is iomaí iarsma dá saothar sa Mhúsaem Náisiúnta agus in áiteanna eile.

Bhí cáil an léinn ar na Gaeil ar fud na hEorpa ar fad agus bhíodh tráchtáil ar siúl acu leis na ciníocha a bhí ag cur fúthu san Eoraip agus i dtuaisceart na hAfraice.

Ghlac na Gaeil leis an gcreideamh nua nuair a tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn. Chabhraigh siad go mór chun an creideamh a leathadh i measc náisiún eile. Inniu'fëin tá na mílte Gael ar deoraíocht ar na misin.




Mhúsaem Náisiúnta



tuisceart na hAfraice



Cú Chulainn



n cath

Tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn agus rinne siad slad in a lán áiteanna ar fud na tíre. Níor éirigh leo an tír a smachtú ach bhunaigh siad bailte móra in áiteanna. Cuireadh deireadh lena réim ag Cath Chluain Tarbh, lámh le Baile Átha Cliath sa bhliain 1014. Bhí Lochlannaigh áirithe ar thaobh na nGael sa chath sin, agus bhí Gaeil áirithe ar thaobh na Lochlannach.

Maireann cuid mhaith de na bailte sin go fóill. Maireann freisin cuid de na hainmneacha a thug siad ar ionaid éagsúla ar fud na tíre, agus ar ndóigh, maireann sloinnte Lochlannacha in gach aon bhall.


Tháinig na Normanaigh i 1169. Thosaigh sin cogadh agus doirteadh fola. Cuireadh deireadh leis an tseanréim Ghaelach i dtosach an seachtú haois déag. Ón uair sin amach bhí an lámh uachtair ag na Gaill, ach ní go saoráideach é. D'éirigh na daoine amach arís agus arís eile.



Normanach

Bunaíodh dhá stát nua i 1922. Cuireadh oirthuaisceart na tíre dá rialú ó Bhéal Feirste, ach bhí an rialtas sin freagrach do Rialtas Shasana. Dáil Éireann a chuaigh i gceannas ar an gcuid eile den tír.

An timpiste



rosaire

Tráchtair Bhí timpiste ar an mbóthar. Tá Seán agus Nóra ag dul thar bráid.

Nóra Ó féach! Tharla timpiste eile ag an gcrosaire.
Seán Tharla. Is an-dainséarach an áit é. Stopfaidh mé féachaint an féidir liom cabhrú leo.

Nóra Déan. Fanfaidh mise anseo. Ní maith liom a bheith ag féachaint ar rudaí den saghas sin.

Tráchtair Tá Seán ag caint le fear atá ag cabhrú leis na daoine a bhí sa timpiste.

Seán An féidir liom aon chabhair a thabhairt duit?

Fear Ní dóigh liom é. Sílim go bhfuil gach rud i gceart.

Seán Ar cheart dúinn an bheirt sin a thógáil as an ngluaisteán? Níl cuma róchompordach ansin orthu.

Fear B'fhearr gan iad a chorraí go dtiocfaidh an t-otharcharr.

Seán Ar chuir tú fios ar na Gardaí?

Fear Chuir mé. Is gearr go mbeidh siadsan anseo freisin.



n t-otharcharr

Seán Tá an t-otharcharr tagtha. B'fhearr duit labhairt leis an mbanaltra.

Fear Tá beirt sa ghluaisteán gorm agus níl cuma rómhaith orthu. Tá tiománaí an ghluaisteáin eile ag an ngeata thall ansin. Ní dóigh liom gur gortaíodh é, ach baineadh geit as.

Banaltra Go raibh maith agat. An raibh aon duine eile in aon cheann den dá ghluaisteán?

Fear Ní raibh . . . Chuir mé fios ar shagart agus ar na Gardaí.

Banaltra Tá obair anseo do na Gardaí ceart go leor, ach níl aon duine acu i mbaol báis.



banaltra

Turasóireacht




Tagann mórán daoine ó thíortha iasachta chun saoire a chaitheamh in Éirinn. Fanann cuid acu sna cathracha agus sna bailte móra. Tugann cuid acu aghaidh ar an gcósta agus ar na tráanna. Is fearr le cuid eile acu a saoire a chaitheamh i dtithe feirme nó ag taisteal ar fud na tíre. Cuirtear fáilte roimh na strainséirí seo agus is minic a thugann gluaisteánaithe marcaíocht dóibh siúd a bhíonn ag coisíocht.

Tá cáil ar aibhneacha agus locha na hÉireann mar gheall ar a saibhreas iascaireachta. Tá cáil idirnáisiúnta ar Abhainn Mhór na Mumhan, an tSionainn, An Choirb, An Bhóinn agus mórán eile mar gheall ar a gcuid bradán. Tá bric rua sna srutháin, péirsí agus liúis sna canálacha. Tá iliomad saghasanna éisc san fharraige agus bíonn slat iascairí gníomhach timpeall an chósta ar fad.

Tá cearca fraoigh, piasúin, naoscacha agus éanlaith eile ar na sléibhte, sna portaigh, sna coillte, agus ar na feirmeacha.

Tá madraí rua agus gorráithe flúirseach agus bíonn mórán daoine á bhfiach. Is é an fia an t-ainmhí is mó d'ainmhithe allta na hÉireann.



slat iascaire



ag fiach

Is míthaitneamhach le daoine áirithe foghláireacht agus fiach, ach is beag duine nach dtugann taitneamh d'áilleacht tíre agus d'iontais an dúlra.



ag foghláireacht

Siobshiúlóir



Tráchtair Tá Tomás ag tiomáint go Baile Átha Cliath. Tugann sé marcaíocht do shíobshiúlóir.

Tomás An fada atá tú ag dul?

Siúlóir Táim ag dul go Baile Átha Cliath. An fada atá tú féin ag dul?

Tomás Táimse ag dul chomh fada le Baile Átha Cliath chomh maith.

Siúlóir Tá an t-ádh liom más ea. Shíl mé go dtógfadh sé lá eile orm é a shroichint.

Tomás An bhfuil mórán siúlta agat inniu?

Siúlóir Níl. Chaith mé an oíche in Uachtar Ard agus fuair mé marcaíocht go Gaillimh ó dhuine a bhí ag teacht abhaile óna laethanta saoire.

Tomás Conas a thaitin an tIarthar leat?

Siúlóir Thaitin sé liom go mór. Chaith mé coicís ann, ach níor leor é chun gach aon rud a fheiceáil.

Tomás Tiocfaidh tú ar ais arís más ea?

Siúlóir Tiocfaidh mé. Ba mhaith liom seachtain a chaitheamh sa chathair an chéad uair eile.

Tomás Tá mórán den chathair an-aosta, ar ndóigh.



siobshiúlóir



garáiste


Siúlóir Thug mé é sin faoi deara. Sin é an fáth ar mhaith liom seachtain a chaitheamh ann.

Tomás Rachaimid isteach sa gharáiste seo. Ní mór dom braon peitрил a fháil . . .

Líon é, le do thoil, agus féach an bhfuil an t-uisce agus an ola i gceart.


Freastalaí Maith go leor, a dhuine uasail . . . An bhfuil na boinn ceart go leor?

Tomás Is fearr iad a thástáil.



boinn

Tá Liam gan bheith ar fónamh



Tráchtair Tá an dochtúir á scrúdú.

Dochtúir Cad iad na comharthaí tinnis atá ort?

Liam Tá tinneas cinn orm le roinnt lá, agus is deacaír dom codladh istoíche. Tá mo scornach tinn chomh maith.

Dochtúir An bhfuil aon rian de thinneas goile ort?

Liam Níl, ach níl aon dúil sa bhia agam.

Dochtúir Tá do chuisle ceart go leor, cibé scéal é, agus níl aon rud ar do chroí. Oscail do bhéal go bhfeice mé do scornach . . . Sin amach do theanga . . . Feicim go bhfuil fiacail lofa agat . . .

Liam Tá. Beidh orm cuairt a thabhairt ar an bhfiacloir, is dócha.

Dochtúir Cuir an teirmiméadar seo faoi do ascaill . . . Inis dom, an raibh aon droch-thinneas riamh ort?

Liam Bhí triuch, agus plucamas, agus an bhruitín-each orm nuair a bhí mé óg.

Dochtúir Ní galar ró-olc aon cheann acu sin. Tógfaidh mé an teirmiméadar anois . . . Is ea . . . Níl aon fhiabhras ort cibé scéal é.

Liam Is maith é sin.

Dochtúir Níl ort ach slaghdán trom . . . Faigh na táibhléid seo ón bpoitigéir. Tóg dhá cheann anocht ag dul a chodladh duit, agus tóg ceann gach trí uair an chloig go ceann cúpla lá.

Liam Ar cheart dom fanacht sa leaba?

Dochtúir Ní gá é sin. Ba mhaith an rud é gan tuirse a chur ort féin, ar ndóigh. D'fhéadfá roinnt mhaith torthaí a ithe freisin. Tar ar ais chugam i gceann cúpla lá mura mbíonn feabhas ort.



poitigéir

An tEastát Tionsclaíoch



Tráchtair Chaith Tadhg suas le deich mbliana i Meiriceá. Tháinig sé abhaile le déanaí, agus tá post faighte anois aige i monarcha san Eastát Tionsclaíoch a bunaíodh le déanaí.

Tadhg Tá fir agus mná uathu don uile shaghas oibre.
Liam Shíl mé nach raibh uathu ach buachaillí agus cailíní óga do na monarchana.

Tadhg Tá éileamh ar bhainisteoirí agus ar cheardaithe oilte chomh maith.

Liam Is dócha go bhfuil an ceart agat. Creidim go bhfuil suas le dosaen comhlacht ag feidhmiú anois ann.

Tadhg Tá aon cheann déag acu ann. Dá mbeadh a leithéid d'eastát ann deich mbliana ó shin ní dócha go rachainn go Meiriceá in aon chor.

Liam An raibh mórán trioblóide agat nuair a chuaigh tú ag lorg oibre san eastát?

Tadhg Ní raibh. Bhí foirmeacha le líonadh ar dtús, agus ansin cuireadh agallamh orm.



eastát tionsclaíoch



Meiriceá

Liam Cén saghas ceisteanna a bhí ar na foirmeacha?


Tadhg Gnáthcheisteanna ba ea iad. Ceisteanna faoi aois, faoi thaithí oibre, agus mar sin de.

Liam Ba mhór an chabhair duit, is dócha, an taithí a fuair tú thar sáile.

Tadhg Ba thábhachtaí an t-agallamh ná an taithí, is dóigh liom. Chuir siad mórán ceisteanna orm faoi chaitheamh aimsire agus faoi na himeachtaí sóisialta a bhíonn ar siúl agam.

Liam Cén aidhm a bhí leis na ceisteanna sin?

Tadhg Creidim gur theastaigh uathu deimhin a dhéanamh de go réiteoinn leis na daoine a bheadh ag obair i mo theannta.



foirmeacha



Tá a lán Gaeilge foghlamtha agat anois. Tiofaihd feabhas ar do chuid Gaeilge de réir a chéile má dhéanann tú cleachtadh go minic uirthi.

Ba chóir duit, más féidir leat é, turas a thabhairt ar an nGaeltacht agus aithne a chur ar an bpobal a labhraíonn an Ghaeilge de ghnáth.

Táimid cinnte, anois go bhfuil bunús maith eolais agat ar an teanga, go leanfaidh tú ort agus go mbainfidh tú taitneamh as litríocht na Gaeilge idir phrós agus fhilíocht.

Cuirfidh do chuid eolais ar an nGaeilge ar do chumas stair na hÉireann a léamh agus cultúr na hÉireann a thuiscint. Cuirfidh sé ar do chumas blas a fháil ar an mbéaloideas agus ar na hamhráin agus leagfaidh sé os do chomhair saol a mhair gan briseadh le breis is dhá mhíle bliain.



Bradán agus breac

Fuaimanna na Gaeilge

1	i:	lí	lí	lí:
		tí	tí	tí:
2	e:	té	té	t'e:
		gé	gé	g'e:
3	a:	bá	bá	ba:
		fál	fál	f a:l
4	o:	ól	ól	o:l
		bó	bó	b o:
5	u:	sú	sú	s u:
		úll	úll	u:l
6	i	min	min	m'i n'
		fir	fir	f'i r'
7	i	ainm	ainm	a n'i m'
8	e	ceist	ceist	k'e s'd'
		freisin	freisin	fres'in'
9	a	mac	mac	m a c
		blas	blas	b l a s
10	o	bog	bog	b o g
		mol	mol	m o l
11	u	thug	thug	h u g
		turas	turas	t u r a s
12	ə	dealg	dealg	d' a l ə g
13	iə	dia	dia	d' i ə
		riar	riar	r i ə r
14	uə	suas	suas	s u ə s
		rua	rua	r u ə
15	ai	saghas	saghas	s a i s
		radharc	radharc	r a i r k
16	au	foghlaeir- eacht	foghlaeir- eacht	faule:r'əxd
		leabhar	leabhar	l' a u r
17	p	paca	paca	p a k ə
		puinn	puinn	p i:n'
18	p'	peaca	peacá	p' a k ə
		pinn	pinn	p' i:n'

Fuaimanna na Gaeilge

19	b	buinn	buinn	b i:n'
		bán	bán	b a:n
20	b'	binn	binn	b' i: n'
		bé	bé	b'e:
21	t	tuí	tuí	t i:
		tú	tú	t u:
22	t'	tí	tí	t' i:
		tit	tit	t' i t'
23	d	daoí	daoí	d i:
		siad	siad	s' i ə d
24	d'	dí	dí	d' i:
		cuid	cuid	k i d'
25	k	cá	cá	k a:
		cóir	cóir	k o:r'
26	k'	ceol	ceol	k' o:l
		ciall	ciall	k' i ə l
27	g	gá	gá	g á:
		gaeil	gaeil	g e:l'
28	g'	cúig	cúig	k u:g'
		géill	géill	g'e:l'
29	m	múch	múch	m u:x
		dráma	dráma	d r a:m ə
30	m'	imeall	imeall	im' ə l
		nóiméad	nóiméad	n o:m'e:d
31	n	banna	banna	b a n ə
		fan	fan	f a n
32	n'	bainne	bainne	b a n' i
		maidín	maidín	m a d' i n'
33	ŋ	(a) ngáire	(a) ngáire	(ə) ŋ a:r' i
		(a) ngaol	(a) ngaol	(ə) ŋ e:l
34	ŋ'	(a) ngeall	(a) ngeall	(i) ŋ' a:l
		(a) ngeata	(a) ngeata	(i) ŋ' a t ə
35	f	fada	fada	f a d ə
		fág	fág	f a:g

36	f'	fear fiú	fear fiú	f'a r f'u:
37	v	bhuail mhair	bhuail mhair	v u ə l' v a r'
38	v'	bhí seirbhís	bhí seirbhís	v'i: s'e r' i v'i:s'
39	s	meas doras	meas doras	m'a s d o r ə s
40	s'	lóistín slí	lóistín slí	l o :s' d'i:n' s'li:
41	x	chuir buachaill	chuir buachaill	x i r' b u ə x i l'
42	x'	mícheart chéad	mícheart chéad	m'i:x'a r t x'e:d
43	γ	ghá dhá	ghá dhá	γ a: γ a:
44	γ'	dhíol (a) Dhia	dhíol (a) Dhia	γ' i:l (i) γ' i ə
45	h	tháinig thit	tháinig thit	h a:n'i g' h i t'
46	l	lón baol	lón baol	l o:n b e:l
47	l'	leo leá	leo leá	l'o: l'a:
48	r	lár trácht	lár trácht	l a:r t r a:x d
49	r'	díreach láthair	díreach láthair	d' i:r' ə x l a:h i r'

Ceachtanna breise

Ceacht a Trí Déag

Tá Breandán Mac Cárthaigh san oifig. Tá sé ag caint le Máire. Is cuimhin léi é. Bhí sé san oifig an lá faoi dheireadh agus rinne sé coinne le Mac Uí Chatháin. Dúirt sé le Mac Uí Chatháin go mbeadh sé ann ag a trí a chlog.

Níl sé a trí a chlog go fóill agus tá duine eile istigh le Mac Uí Chatháin. Fanfaidh Breandán leis. Níl aon deabhadh air.

Ní gá dó dul amach go dtí an seomra feithimh, féadfaidh sé fanacht san oifig. Gheobhaidh Máire cathaoir dó.

Níor mhaith leis féachaint ar an nuachtán, tá sé léite aige cheana féin.

Tá an Bainisteoir an-ghnóthach i gcónaí, ach ní dócha go mbeidh sé ró-fhada anois. Is gearr go mbeidh an fear atá leis ag imeacht.

Líon isteach iad seo:

... le Máire Breandán Mac Carthaigh a bheith san oifig? Is cuimhin.

An cuimhin

... oifig a bhí sé an lá faoi dheireadh? Is ea.

An san

... le Mac Uí Chatháin a rinne sé an coinne? Is ea.

An

... a rinne an coinne? Breandán Mac Cárthaigh.

Cé

... a rinne sé an coinne? An lá faoi dheireadh.

Cathain

... sé coinne le Mac Uí Chatháin? Rinne.

An ndearna

... Breandán leis? Fanfaidh.

An bhfanfaidh

... dul amach? Ní gá.

An gá dó

... féachaint ar an nuachtán? Níor mhaith (leis).

Ar mhaith leis

... atá léite aige? An nuachtán (atá léite aige).

Céard

... go mbeidh sé rófhada? Ní dócha go mbeidh.

An dócha

... t-am a tháinig sé isteach san oifig? Ag a ceathrú chun a trí.

Cén

... a dhúnann siad an oifig? Ar a leathuair tar éis a cúig.

Cén t-am

Ceacht a Ceathair Déag

Líon isteach iad seo:

Is mise Nóra. Ba mhaith liom dul an aeraíocht. D'fhiafraigh mé . . . Thadhg an . . . sé ag teacht. Rachaidh sé siar ar ball . . . ní mór . . . litir a scríobh ar dtús.

go dtí
de . . . raibh
ach
dó

Dúirt mé leis an litir a fhágáil amárach ach . . . fhágfaidh sé.

go dtí
ní

Is dóigh . . . go bhfuil an post imithe, ach deir Tadhg go dtiocfaidh fear an phoist arís ar ball. Mura ndéanfaidh sé deifir anois beidh an aeraíocht

liom(sa)
ar ais

Deir Tadhg liom imeacht in éineacht . . . Seán agus go mbuailfidh sé féin . . . níos déanaí.

thart.
le
liom

Feicim Seán ag gabháil síos an bóthar. Níl dul as agam anois ach fanacht . . . Tadhg.

le
iad

Tá cártaí poist ag Tadhg. Cheannaigh sé inniu . . . Beidh an litir scríofa . . . Tadhg . . . n-imeoidh fear an phoist.

ag . . . sula

Ceacht a Cúig Déag

Tá slua mór ag an gcéilí. Tá siad ag rince. Tá Brian Ó Nualláin chun scéal ón mbéaloideas a insint.

Cé a chuaigh ar aonach?

Tadhg na Cuaiche.

Cá ndeachaigh Tadhg na Cuaiche?

Ar aonach a chuaigh sé.

Cathain a chuaigh Tadhg na Cuaiche ar aonach?

Chuaigh sé ar aonach lá.

Cé mhéad a rug sé leis?

Deich bpunt a rug sé leis.
Cén fáth gur rug sé leis deich bpunt?
Chun gamhain a cheannach.
An bhfaca sé ceann a thaitin leis?
Chonaic sé.
An ndearna sé anonn air?
Rinne.
Cé a tháinig chuige?
Fear an ghamhna a tháinig chuige.
Ar tháinig fear an ghamhna chuige?
Tháinig.
Céard a fhiafraigh Tadhg de?
D'fhiafraigh sé de cé mhéad a bheadh uaidh ar an ngamhain.
Céard a dúirt fear an ghamhna?
Dúirt sé nach ndíolfadh sé é faoi bhun deich bpunt.
Ar thairg Tadhg deich bpunt air?
Níor thairg.
Thairg sé ocht bpunt air.
Ar chaith siad tamall fada ag margáil le chéile?
Chaith.
An ndearna siad margadh?
Rinne. Rinne siad margadh faoi dheireadh ar naoi bpunt.
Céard a rinne Tadhg ansin?
D'imigh sé agus d'ith sé a dhinnéar.
Céard a rinne sé nuair a bhí ite aige?
Fuair sé adhastar agus chuir sé ar an ngamhain é agus ghabh sé an bóthar abhaile.
An ndearna Tadhg iarracht ar an ngamhain a chur sa chró?
Rinne, ach ní rachadh sé ann dó.
Céard a rinne Tadhg ansin?
Ghlaoigh sé ar an madra chun breith air.
Ar rug an madra air?
Níor rug.
Céard a rinne Tadhg ansin?
Ghlaoigh sé ar an mbata.

Cad chuige (i.e. cén fáth) gur ghlaoigh sé ar an mbata?
Ghlaoigh sé ar an mbata chun an madra a bhualadh.
Ar bhuail an bata an madra?
Níor bhuail.
Ar dhóigh an tine an bata?
Níor dhóigh.
Ar ghlaoigh sé ar an uisce?
Ghlaoigh.
Chun an tine a mhúchadh a ghlaoigh sé ar an uisce, an ea?
Is ea.
Cé a ghlaoigh ar an mbó?
Tadhg a ghlaoigh ar an mbó.
Ar ól an bhó an t-uisce?
Níor ól.
Ar mharaigh an búistéir an bhó?
Níor mharaigh.
Ar thug Tadhg braoinín bainne don chat?
Thug.
Céard a rinne an cat ansin?
Mharaigh sé an francach.
Agus céard a rinne an francach?
Chreim an francach an téad.
Ar chuir Tadhg an gamhain isteach sa chró ar deireadh?
Chuir.

Ceacht a Sé Déag

Tá Tadhg agus Nóra ag caint le Muiris agus Caitlín tar éis an chéilí. Thaitin an rince le Nóra, ach ní raibh sí tógtha leis an scéalaíocht. Chuir Tadhg an-spéis sna hamhráin, go mór mhór sa dá cheann a dúirt Éamann Mac Conmara. Tá Éamann go sármhaith chuig an sean-nós, agus is minic a bhíonn sé ar an raidió. Is dóigh le Nóra go mbíonn an iomarca cur síos ar an bhfeirmeoireacht agus ar ainmhithe sna sean-scéalta, agus go mbíonn cuid mhaith acu páistiúil freisin. Síleann Muiris

go mb'fhéidir go bhfuil an ceart aici, ach is dóigh leis gur cheart saol na tuaithe a léiriú iontu, mar go bhfuil an tír seo beo ar an talmhaíocht. Freisin, tá na scéalta sin dá n-aithris in Éirinn le fada an lá, agus ar ndóigh is iomaí údar mór a bhunaigh a chuid litríochta ar scéalta ón mbéaloides.

Líon isteach iad seo:

Dúirt Nóra . . . thaitin an rince léi ach sí gur . . . nach raibh
ró-shásta leis an scéalaíocht. Dúirt Tadhg . . . chuir gur
sé féin an-spéis sna hamhráin. Cheap Caitlín go raibh
Éamann Mac Conmara an-mhaith chuig an sean-nós
agus dúirt sí . . . mhinic a . . . sé ar an raidió. Dúirt gur . . . bhíodh
Nóra . . . chuma léi ann nó as don scéalaíocht. Dúirt gur
Tadhg . . . fhíor di. gurbh

Ceacht a Seacht Déag

Tá Muiris ag scríobh aiste don leabhrán atá á ullmhú ag an gcumann staire agus seandálaíochta. Tá air cur síos a dhéanamh ar na cúirteanna filíochta agus ar an éifeacht a bhí acu. Beidh tuairiscí sa leabhrán freisin, ar an gceol agus ar an gcaitheamh aimsire. Daoine eile a scríobhfaidh iad sin.

Údar ar na cluichí is ea duine de na Bráithre Críostaí, agus scríobhfaidh sé aiste ar na cluichí don leabhrán. Údar ar ailtireacht na gcaisleán agus na mainistreacha is ea an tEaspag Protastúnach, agus scríobhfaidh seisean aiste chomh maith.

Ní sean-stair ar fad a bheidh sa leabhrán. Beidh meascán an-mhaith ann. Tá beartaithe acu píosaí scríbhneoireachta a bheith ann i dtaobh scríbhneoirí na linne seo.

Tá mórán cumann staire agus seandálaíochta ar fud na hÉireann. Bailíonn siad eolas ar stair agus ar sheandálaíocht ina gceantar féin. Cuireann cuid de na cumainn aistí agus leabhráin amach ó am go ham.

Tá irisí ag cuid mhaith de na cumainn. Foilsíonn siad cuid de na rudaí i nGaeilge agus cuid eile acu i mBéarla. Tá roinnt mhaith leabhar staire ar fáil freisin.

Tá dúil mhór ag a lán daoine sa litríocht idir phrós agus fhilíocht agus tá mórán leabhar etc. ar fáil. Cé gur scéalta, aistí agus filíocht an lae inniu is mó a fhoilsítear, cuirtear seanscéalta agus seanfhilíocht amach freisin.

Ceacht a hOcht Déag

Cathain a thit na seanscoileanna filíochta as a chéile?

Sa seachtú haois déag a thit siad as a chéile.

An raibh traidisiún na filíochta láidir an uair sin?

Bhí. Bhí sé an-láidir.

Ar chuir deireadh na seanscoileanna deireadh leis an bhfilíocht in Éirinn.

Níor chuir. Thagadh na filí le chéile go rialta.

Cad chuige go dtagaidís le chéile?

Thagaidís le chéile chun cúrsaí léinn agus cúrsaí filíochta a phlé.

Céard a thugtaí ar na cruinnithe sin?

“Cúirteanna Filíochta” a thugtaí orthu.

Cé a bhíodh i gceannas ar chruinniú cúirte?

Príomhfhile an cheantair a bhíodh i gceannas.

An bhfuil aon chúirteanna filíochta inniu ann?

Tá. Tá ceann tábhachtach i gCúil Aodha i Múscraí Uí Fhloinn.

Céard a bhíonn ar siúl sa cheann sin?

Bíonn cnámh spairne éigin le plé ag gach cruinniú.

Ar thuig na daoine na seanmheadarachtaí a bhí sna dánta?

Níor thuig. Ach níor scríobh filí na gcúirteanna sna seanmheadarachtaí.

Scríobh siad do ghnáthmhuintir na hÉireann.

An raibh aon tábhacht le filí na gcúirteanna?

Bhí. Bhí an-tábhacht leo. Ba mhinic na filí sin ina gceannairí náisiúnta in a gceantar féin.

An bhfuil aon chuimhne ar na filí sin i measc Gaeilgeoirí inniu?
Tá. Maireann a gcuimhne go dtí an lá inniu, agus is gnáthrud é a lán filíochta a bheith ar eolas ag an ngnáthdhuine sa Ghaeltacht.

Ceacht a Naoi Déag

Tá cuairteoir ag teacht isteach sa teach. Saighdiúir is ea é. Tá aithne ag muintir an tí air. Níor airigh Seán aon duine ag teacht. Chuala Máire rud éigin, áfach.

Shíl Déaglán go mbeadh Tadhg sa bhaile. Chuir sé scéal isteach chuige ag rá leis go mbeadh sé chuige an oíche sin.

Saighdiúir is ea Déaglán a bhí ar seirbhís leis na Náisiúin Aontaithe san Afraic. Is iomaí scéal atá aige ón áit. Inseoidh sé mar gheall ar an áit anois.

Dia duit!

Dia is Muire duit!

Cé atá ag teacht isteach?

Saighdiúir atá ag teacht isteach.

Céard is ainm don saighdiúir?

Déaglán (is ainm dó).

Céard is ainm duitse?

An saighdiúir tú? Is ea/ní hea
Is/ní saighdiúir mé.

Ar chuala tú Déaglán ag an ngeata?

Níor chuala (mé).

Arbh é Déaglán a bhí ag glooch?

Ba é.

Cé air a bhí sé ag glooch?

Ar mhuintir an tí (a bhí sé ag glooch).

Ar shíl Déaglán go mbeadh Tadhg sa bhaile?

Shíl.

Cén fáth gur shíl sé sin?

Shíl sé sin mar chuir sé scéal isteach chuige ag rá leis go mbeadh sé chuige an oíche sin.

Ceacht a Fíche

Bhí Déaglán ar seirbhís leis an arm san Afraic. Bhí an áit an-deas ar fad nuair a chuaigh sé ina taithí, ach bhí sé uaigneach nuair a chuaigh sé ann ar dtús.

Ní raibh sé sa bhaile don fhleá cheoil agus bhí díomá air mar gheall air. Sa Mheán Oirthear a bhí sé nuair a bhí an Fhleá ar siúl anuraidh. Bhí sé ag Fleá Cheoil na hÉireann go minic ar ndóigh, ach ní raibh sé riamh ag an gceann áitiúil.

Is beag idir Fleá Cheoil áitiúil agus Fleá Cheoil na hÉireann. Bíonn na mílte ar na sráideanna agus bíonn ceol agus amhráin ar siúl i ngach aon áit. Bíonn daoine ar lóistín i ngach aon teach agus bíonn béilí ar fáil sna siopaí go léir.

Ceap ceisteanna do na freagraí seo:

- _____? San Afraic.
Cá raibh Déaglán ag obair?
_____ . Bhí sé ar seirbhís leis an Arm.
Céard a bhí ar siúl aige san Afraic?
_____? Ní raibh. Bhí sé ar seirbhís leis na Náisiúin Aontaithe an uair sin.
An raibh sé (Déaglán) ag an bhFleá Cheoil anuraidh?
_____? Chonaic. Bhí sé ag Fleá Cheoil na hÉireann.
An bhfaca sé Fleá Cheoil riamh?
_____? Bíonn siad ar fáil sna siopaí go léir.
Cá mbíonn béilí ar fáil ag Fleá Cheoil?

Ceacht a Fiche hAon

Céard atá ceart?

- 1 Bhí mé ag caint le Tadhg . . .
- a amárach
 - b ó chianaibh
 - c choíche
 - d riamh
- 2 Chuaigh mé isteach sa siopa. Theastaigh uaim roinnt rudaí . . .
- a a fheiceáil
 - b a choinneáil
 - c a cheannach
 - d a dhéanamh
- 3 Bhí Déaglán ar saoire . . .
- a ó tháinig sé abhaile.
 - b ó chuaigh sé go dtí an Afraic.
 - c le muintir na Náisiúin Aontaithe.
 - d an mhí seo chugainn.
- 4 Bhí an scéal sa nuachtán inniu . . .
- a go raibh an saol an-dian san Afraic.
 - b go raibh Déaglán ag cabhrú lena athair ar an bhfeirm.
 - c nach mbeadh ar Dhéaglán fill-eadh ar an Afraic.
 - d go mbeadh a thuilleadh saighdiúirí ag dul chuig an Afraic.
- 5
- a Deartháir do Thadhg is ea Máire.
 - b Is é Déaglán fear an tí.
 - c Níor theastaigh ón gcuairteoir Tadhg a fheiceáil.
 - d Ní hé Seán an cuairteoir.

Freagraí: 1. (b); 2. (c); 3. (a); 4. (d); 5. (d).

Ceacht a Fiche Dó

Céard a tharla?

Bhí Tadhg agus Nóra ar a laethanta saoire. Thug Tadhg cuireadh do Mhuiris agus do Chaitlín teacht chun dinnéir in Óstán na Carraige.

Dúirt Tadhg nach raibh fágtha de na laethanta saoire ach dhá lá. Chonaic sé Caitlín. Labhair sé léi agus dúirt sé go raibh sé díreach ag rá le Muiris go mbeadh a gcuid laethanta saoire thart i gceann dhá lá.

Dúirt Caitlín gur mhaith léi glacadh leis an gcuireadh dinnéir, ach nach raibh a fhios aici céard a dhéanfadh na páistí. Bhí Muiris sásta aire a thabhairt do na páistí.

Ghlac siad leis an gcuireadh ar deireadh agus ansin chuir Tadhg glaoch gutháin ar an Óstán agus chuir sé bord in áirithe don cheathrar acu. Mura ndéanfadh sé é sin b'fhéidir nach mbeadh ceann ar bith le fáil an lá ina dhiaidh sin.

Céard a tharlóidh?

Beidh Tadhg agus Nóra ar a laethanta saoire.

Tabharfaidh Tadhg cuireadh do Mhuiris agus do Chaitlín teacht chun dinnéir in Óstán na Carraige.

Déarfaidh Tadhg nach mbeidh fágtha de na laethanta saoire ach dhá lá. Feicfidh sé Caitlín. Labhróidh sé léi agus déarfaidh sé go raibh sé díreach ag rá le Muiris go mbeadh a gcuid saoire thart i gceann dhá lá. Déarfaidh Caitlín gur mhaith léi glacadh leis an gcuireadh dinnéir, ach nach bhfuil a fhios aici céard a dhéanfadh na páistí. Beidh Muiris sásta aire a thabhairt do na páistí.

Glacfaidh siad leis an gcuireadh ar deireadh agus ansin cuirfidh Tadhg glaoch gutháin ar an Óstán agus cuirfidh sé bord in áirithe don cheathrar acu. Mura ndéanfadh sé é sin b'fhéidir nach mbeadh ceann ar bith le fáil an lá ina dhiaidh sin.

Ceacht a Fiche Tri

Céard a tharlóidh?

Rachaidh Tadhg agus a chairde isteach san Óstán. Tiocfaidh an freastalaí chucu. Tabharfaidh sé an biachlár dóibh agus fiafróidh sé díobh ar mhaith leo deoch ar dtús.

Déarfaidh Tadhg gur mhaith agus fiafróidh sé de Nóra céard a ólfaidh sí. Teastóidh braon seirise ó Nóra. Iarrfaidh Muiris braon fiona air. Déanfaidh sú oráiste an gnó do Chaitlín. Gheobhaidh Tadhg gloine beorach dó féin.

Nuair a fhillfidh an freastalaí leis na deochanna ólfaidh an ceathrar acu sláinte a chéile. Léifidh Tadhg an biachlár ansin féachaint cén rogha a bheidh ar fáil.

Céard a tharlóidh dá mbeadh Tadhg agus a chairde ann anois?

Rachadh Tadhg agus a chairde isteach san Óstán. Thiocfadh an freastalaí chucu. Thabharfadh sé an biachlár dóibh agus d'fhiafróidh sé díobh ar mhaith leo deoch ar dtús.

Déarfadh Tadhg gur mhaith agus d'fhiafróidh sé de Nóra céard a ólfadh sí. Theastódh braon seirise ó Nóra. D'iarrfadh Muiris braon fiona air. Dhéanfadh sú oráiste an gnó do Chaitlín. Gheobhadh Tadhg gloine beorach dó féin.

Nuair a fhillfeadh an freastalaí leis na deochanna d'ólfadh an ceathrar acu sláinte a chéile. Léifeadh Tadhg an biachlár ansin féachaint cén rogha a bheadh ar fáil.

Ceacht a Fiche Ceathair

Bíonn mórán cuairteoirí sa Ghaeltacht gach aon bhliain. Bíonn cuid mhaith de na cuairteoirí sin ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Ní theastaíonn ó chuid eile acu ach saoire a chaitheamh cois

trá nó taitneamh a bhaint as áilleacht na tíre. Bíonn Gaeilge mhaith ag a lán de na daoine sin.

Tá roinnt mhaith óstán ar fud na Gaeltachta. Tá cuid de na hóstáin seo an-mhór. Tá cuid eile acu an-bheag. Ach ní fhanann gach aon chuairteoir in óstán. Fanann an chuid is mó díobh i dtithe na bhfeirmeoirí.

Múintear Gaeilge ar fud na tíre ar fad agus is minic a théann fogh-laimeoirí go dtí an Ghaeltacht chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Bíonn sluaite móra de dhaoine óga ag freastal ar choláistí Gaeilge gach Samhradh. De ghnáth bíonn na scoláirí seo ar lóistín le gnáthmhuintir na Gaeltachta—feirmeoirí etc.—agus caitheann siad cúpla uair an chloig ar scoil gach aon lá.

Scoileanna Samhraidh is ea na coláistí Gaeilge. Bíonn suas le ceithre mhíle déag scoláire ag na coláistí seo gach Samhradh.

Ceacht a Fiche Cúig

Tá an fear ag Teach an Droichid, tá sé ag caint le Bean an Tí. Deir sé léi go ndúirt Bean Uí Mheara leis gur cheap sí go mbeadh seomra le fáil aige.

Tá siad ag caint faoi Liam. Deir siad go bhfuil buachaillí ón gcoláiste Gaeilge ag teacht chuige agus go raibh buachaillí ón gcoláiste Gaeilge aige an mhí seo caite freisin. Chonaic Bean an Tí ag gabháil thart iad.

Deir Bean an Tí go bhfuil seomra aici, ach nach bhfuil a fhios aici an mbeadh sé oiriúnach dó.

Bhreachaigh Seán ar an seomra agus tá sé lánsásta. Níl aon leic-treachas ann, ach tá sé sásta leis an ngás mar sholas. Tá seomra folctha agus leithreas ag barr an staighre.

Dhá phunt déag in aghaidh na seachtaine a bheidh ar an lóistín. Tá Seán sásta leis sin.

Tá Fear an Tí agus Bean an Tí ag caint:

Fear an Tí Céard a bhí uaidh?

Bean an Tí Lóistín. Bhí sé thoir le Liam Ó Néill anuraidh ach níl slí ann i mbliana dó.

Fear an Tí Shíl mé go raibh seomraí breise tógtha ag Liam.

Bean an Tí Tá. Tá seomraí breise tógtha aige ceart go leor, ach tá an áit in áirithe don choláiste Gaeilge.

Fear an Tí Ba dheas ó Liam é chur anseo.

Bean an Tí Dúirt sé gurbh í Bean Uí Mheara a chuir anseo é.

Fear an Tí Cathain a thiochfaidh sé chugainn?

Bean an Tí An mhí seo chugainn.

Fear an Tí Tá súil agam go mbeidh sé sásta.

Bean an Tí Cad ina thaobh nach mbeadh?

Ceacht a Fiche Sé

Líon isteach iad seo:

Sin í Caitlín. Níor chuala . . . aon ghluaisteán.

Sin é Seosamh. Ní gluaisteán atá . . . ach rothar.

Sin iad Tadhg agus Caitlín. An bhfuair . . . na ticéid don chluiche?

Sin é Séamas. Fuair Tadhg ticéad amháin . . .

Sin é Tadhg. Níor thug Séamas ach ticéad amháin

. . .

Sin é Séamas. Cé mhéad ticéad a rug sé . . . ar maidin?

Sin é Liam. Cheannaigh sé ticéad. Thug sé dhá phunt

. . .

Sin é an seastán. Tá slua mór istigh . . .

Sin iad Tadhg agus Seosamh. Tá siad ag caint . . . gcluiche.

Sin é an ticéad a thug Séamas dom. Níl a thuilleadh . . . aige.

sí

aige

siad

uaidh

dó

leis

air

ann

faoin

díobh

Sin é Seosamh ag teacht isteach. Tá Tadhg agus Caitlín istigh . . .

roimhe

Ceacht a Fiche Seacht

Tá na fir ar an seastán i bPáirc an Chrócaigh, tá siad ag caint faoin slua. Ní maith le Mícheál suaitheantas a chur ar a chasóg. B'fhearr leis hata páipéir a chaitheamh. Tá suaitheantas mór ag duine eile. Cheannaigh sé sa tsráid é agus é ag teacht isteach.

Feiceann siad an tArd-Easpag ag teacht isteach. Tá sé ag déanamh ar an mbosca ina bhfuil an Taoiseach agus na daoine uaisle eile. Níl an tUachtarán ag teacht go fóill.

Tá radharc an-mhaith ag na fir ón ardán. Feiceann siad na sluaite ar chnoc a 16 agus ar sheastán Uí Ógáin. Is dóigh le Tadhg go bhfuil suas le nócha míle duine i láthair. Tá radharc acu chomh maith ar Bhuíon Cheoil Ard Aidhne ag bun na páirce. Tá siadsan á n-ullmhú féin chun Amhrán na bhFiann a sheinm.

Cuir "iarr air" nó "fiafraigh de" le gach ceann acu seo:

1 . . . cá raibh an fear ag díol na suaitheantas.

2 . . . céard atá ar siúl ag an mbuíoncheoil.

3 . . . féachaint ar Sheastán Uí Ógáin.

4 . . . cá bhfuil Páirc an Chrócaigh.

5 . . . ticéad a thabhairt duit.

6 . . . é féin a ullmhú.

7 . . . an bhfuil radharc ar gach aon rud aige.

8 . . . teacht isteach.

fiafraigh de

fiafraigh de

iarr air

fiafraigh de

iarr air

iarr air

fiafraigh de

iarr air

Ceacht a Fiche hOcht

Tá Muiris agus Caitlín tagtha ar cuairt go Baile Átha Cliath. Tá siad ag an stáisiún. Tá a málaí á gcur sa tacsáí. Rachaidh siad go teach Thaidhg sa tacsáí. Feicfidh siad mórán rudaí ar an mbóthar. Feicfidh siad Halla na Saoirse agus foirgnimh eile.

Tagann Tadhg isteach sa chathair sa traen gach lá. Ní thagann sé sa ghluaisteán. Deir sé go mbíonn an trácht an-dona ar maidin.

Cuir béim ar na focail a bhfuil cló trom orthu:

Mar seo: Is liom é sin.

1 Tabhair dom iad sin.

2 Cuirfidh mé sa tascaí iad.

3 Nach raibh gluaisteán agat.

4 Bhí tú i gCiarraí.

5 Tagaim isteach sa chathair.

6 Thug sé amach na málaí dúinn.

7 Tá sé imithe.

8 Theastaigh uaim síntiús a thabhairt dó.

9 Thug mé deich bpingin dó.

10 Ar aghaidh libh anois.

11 Feicimid ar ball tú.

12 Go raibh maith agat.

Is liomsa é sin.

Tabhair domsa iad sin.

Cuirfidh mise sa tacsáí iad.

Nach raibh gluaisteán agatsa.

Bhí tusa i gCiarraí.

Tagaimse isteach sa chathair.

Thug sé amach na málaí dúinne.

Tá seisean imithe.

Theastaigh uaimse síntiús a thabhairt dó.

Thug mé deich bpingin dósan.

Ar aghaidh libhse anois.

Feicimidne ar ball tú.

Go raibh maith agatsa.

Ceacht a Fiche Naoi

Is é Baile Átha Cliath ardchathair an hÉireann.

Seanchathair is ea í agus tá a lán foirgneamh stairiúla inti. Ar ndóigh ní foirgnimh stairiúla amháin atá sa chathair.

Tá Muiris agus Caitlín ar cuairt ar Baile Átha Cliath. Rachaidh Nóra ag siopadóireacht in éineacht le Caitlín. Rachaidh siad isteach

chuig na siopaí móra i lár na cathrach. Teastaíonn ó Chaitlín gúna agus roinnt rudaí eile a cheannach.

Ba bhreá le Muiris cuairt a thabhairt ar roinnt de na háiteanna stairiúla sa chathair. Rachaidh Tadhg in éineacht leis agus taispeánfaidh sé roinnt mhaith rudaí dó ach ní bheidh ar a gcumas gach aon rud a fheiceáil.

Íosfaidh na fir dinnéar i dteach ósta éigin sa chathair agus buailfidh siad leis na mná ina dhiaidh sin. Caithfidh an ceathrar acu an tráthnóna le chéile.

Bain úsáid as na focail i gcolún "B" agus críochnaigh na habairtí i gcolún "A":

A
Íosfaidh Caitlín

D'íosfainn dá mbeadh sé ullamh.

D'ith Tadhg

Ithimid ag a haon a chlog.

Ar ith sibh fós?

B
bricfeasta
a bricfeasta
dinnéar
mo dhinnéar
béile
a bhéile
dinnéar
ár ndinnéar
bricfeasta
bhúr mbricfeasta

Ceacht a Tríocha

Líon isteach iad seo:

1 ar dhíol sé an seanghluaisteán a bhí aige.

2 gur dhíol.

3 a rá le Seán go raibh air féin imeacht go luath.

D'fhiafraigh Tadhg de Liam.

Dúirt Liam.

D'iarr Pádraig ar Liam.

Dhíol Liam an seanghluasteán a bhí aige agus cheannaigh sé ceann nua. Bhí Pádraig ag magadh faoi agus ag rá go raibh an seancheann go maith.

Ní raibh an seancheann go maith, áfach. Bhí sé aige le tamall fada agus bhí sé ag titim as a chéile.

Thuig Liam nach mbíonn aon mhaith sna gluasteáin tar éis cúpla bliain. Ba dhóigh leis go mbeadh sé ciallmhar gan iad a choimeád rófhada agus ba bhreá leis ceann nua a fháil gach aon bhliain ach bheadh sé róchostasach a leithéid a dhéanamh.

Shíl Pádraig go raibh an ceart ag Liam agus dúirt sé go raibh na gluasteáin ródhaor ar fad. Bhíodh gluasteán ag Pádraig ach níl aon cheann anois aige.

Ceacht a Tríocha hAon

Bíonn Seo na gCapall ar siúl i mBaile Átha Cliath gach bliain. Cuireann Raidió Teilifís Éireann cláracha faoin Seo ar an raidió agus ar an teilifís.

Féachann mórán daoine ar na cláracha teilifíse ach is fearr le daoine eile bheith i láthair ag an taispeántas.

Bhí muintir an tí tar éis bheith ag féachaint ar chlár teilifíse ón Seo nuair a tháinig Seán isteach. Theastaigh uaidh a fháil amach cé a bhuaigh an corn.

An Captaen Ó Ceallaigh ar Loch Laoi a bhuaigh é. Chríochnaigh sé an cúrsa ar fad gan aon locht. Cé gur chroith sé ceann de na geataí uair níor leag sé é. Ní haon díobháil é geata a bhualadh.

Ceacht a Tríocha Dó

Tá na fir ag féachaint ar na capaill ardléime ag Seo na gCapall. Tá marcach an-mhaith ag dul isteach tar éis dó dul timpeall an chúrsa.

Ghnóthaigh sé lánmharc an turas seo. Bhí sé gan bheith ar fónamh inné agus níor éirigh go maith leis.

Bhuaigh an Captaen Ó Ceallaigh "Corn na Náisiún". Tiocfaidh an tUachtarán isteach ar ball beag agus tabharfaidh sé dó é.

Tá áthas ar na fir gurbh é an Ceallach a bhuaigh é. Cé go raibh foireann ón Arm ag marcaíocht ag an Seo anuraidh níor bhuaigh siad aon duais. Níor bhuaigh foireann ón Arm aon duais mhór le ceithre bliana.

Bhí an Coirnéal Ó Néill ag caint faoi sin an oíche faoi dheireadh. Thug sé mar leithscéal go raibh an-chuid taispeántas ar siúl agus nach raibh go leor capall ann dóibh go léir. Thug sé an leithscéal céanna uaidh dhá mhí ó shin. Níl ann ach leithscéal áfach. Ní easpa capall atá ag cur as don Arm. Is amhlaidh nach bhfuil an oiliúint cheart á cur ar na marcaigh óga.

Ceacht a Tríocha Trí

An raibh tú riamh i mBaile Átha Cliath don Cháisc?

Bhí mé/ní raibh mé.

An mbíonn mórán turasóirí sa chathair don Cháisc?

Bíonn. Bíonn an áit lán don Cháisc i gcónaí.

An gnáthdomhnach é Domhnach Cásca?

Ní hea. Ní gnáthdomhnach é.

Céard a bhíonn ar siúl sa chathair an lá sin?

Bíonn mórshiúl na Cásca ar siúl.

An mbíonn aon mhórshiúl eile ar siúl i rith na bliana?

Bíonn, ach mórshiúl an-speisialta is ea ceann na Cásca.

Cé a bhíonn páirteach ann?

An tArm, Cumann na Croise Deirge, Cumann Lúthchleas Gael, Conradh na Gaeilge agus a lán eagraíochtaí eile a bhíonn páirteach ann.

An mbíonn aon duine ann ó shaol tionsclaíoch na tíre?

Bíonn cinnte.

Is mise Liam. Bhí mé féin agus Tadhg sa chathair don Cháisc. Bhí an áit lán de thurasóirí. Theastaigh uaimse brostú ach dúirt Tadhg nár

ghá aon deabhadh a bheith orainn. Bhí a fhios aige go ligfeadh Seán isteach sinn san áit a dtéann sé ag obair. Shíl mise áfach nach n-éireodh linn mar ní fhaca mé an áit sin riamh ar oscailt Dé Domhnaigh.

Shiúlamar go mall agus bhí na sluaite ag teacht ón aifreann nuair a tháingamar chomh fada le Sráid Uí Chonaill.

Bhí an t-ádh linn. Bhí Seán ag an doras agus lig sé isteach sinn. Chuamar in airde staighre agus bhí radharc an-mhaith againn ar gach aon rud.

Is tusa Liam! Céard a tharlóidh?
(Tosaigh mar seo: "Beidh mé féin agus Tadhg sa chathair don Cháisc").

Is tusa Tadhg! Céard a tharlódh dá mbeifeá féin agus Liam sa chathair don Cháisc?
(Tosaigh mar seo: "Theastódh uaimse brostú ach. . .").

Ceacht a Tríocha Ceathair

Cé acu ceann atá ceart:

1 Nóra: "Ní mór dom brostú, a Shíle"=

- a Tá ar Shíle brostú.
- b Tá deabhadh ar Nóra.
- c Ní gá do Shíle brostú.
- d Ní gá do Nóra brostú.

2 Táim ag súil le Seán a theacht abhaile=

- a Tá Seán sa bhaile anois.
- b Bhí Seán sa bhaile nuair a bhí mé féin sa bhaile.
- c Ceapaim go dtiocfaidh Seán abhaile láithreach.
- d Tá mise agus Seán ag teacht abhaile le chéile.

3 Tá rud éigin cearr leis an rud sin=

- a Tá an rud sin briste.
- b Gluaisteán is ea é sin.
- c Tá an rud sin agus rud éigin eile ann.
- d Rud an-deas is ea é sin.

4 D'éirigh leis ceann a fháil=

- a Bhí sé ina shuí ach tá sé ina sheasamh anois.
- b Bhí sé sa leaba.
- c Fuair sé ceann.
- d Níl aon rud uaidh.

5 Tá eolas agam faoin gcapall.=

- a Tá eolas agam mar gheall ar an gcapall.
- b Tá an capall ina sheasamh ar an eolas.
- c Níl a fhios agam cá bhfuil an capall.
- d Táim ar an gcapall.

Freagraí: 1. (b); 2. (c); 3. (a); 4. (c); 5. (a).

Ceacht a Tríocha Cúig

Céard a tharla inné?

1 Ghlaigh Breandán Ó Murchú fad a bhí tú amuigh.

Céard a tharlaíonn gach lá?
Glaonn Breandán Ó Murchú fad a bhíonn tú amuigh.

2 Bhí sé anseo nuair a d'éirigh mé.

Bíonn sé anseo nuair a éirim.

3 Chuir mé chuige iad.

Cuirim chuige iad.

4 Bhí sé ag fiafraí díom an bhfeicim go minic tú.

Bíonn sé ag fiafraí díom an bhfeicim go minic tú.

5 Ar léigh tú an litir a d'fhág mé ar an mbord nuair a d'imigh Nóra?

An léann tú an litir a fhágaim ar an mbord nuair a imíonn Nóra?

- 6 Níor léigh (mé).
- 7 Ní dúirt tú liom í a léamh.
- 8 Mise a ceapadh don phost.
- 9 Bhí mé ag caint le m'athair.
- 10 Céard a dúirt sé?
- 11 Ní dhearna sé comhgháird-eachas liom.

Ní léim.
Ní deireann tú liom í a léamh.
Mise a cheaptar don phost.
Bím ag caint le m'athair.
Céard a deireann sé?
Ní dheanann sé comhgháird-eachas liom.

Ceacht a Tríocha Sé

Céard a tharla?

Céard atá ar siúl?

- 1 Thóg sí amach é.
- 2 Chuir sí nóta chuige.
- 3 Rinne sí é sin.
- 4 Thug sé duit í.
- 5 D'inis sé dom é.
- 6 Chonaic sé í.
- 7 Shábháil sé iad.
- 8 Chuala mé iad.
- 9 Gortaíodh iad.
- 10 Léigh sé é.

Tá sí á thógáil amach.
Tá nóta á chur chuige aici.
Tá sí á dhéanamh sin.
Tá sé á tabhairt duit.
Tá sé á insint dom.
Tá sé á feiceáil.
Tá sé á sábháil.
Táim á gcloisteáil.
Táthar á ngortú.
Tá sé á léamh.

Ceacht a Tríocha Seacht

An rud a tharla.

An rud nár tharla.

1 D'fhiafraigh Nóra de Thadhg an mbeadh Síle agus a fear céile ann.

Níor fhiafraigh Nóra de Thadhg an mbeadh Síle agus a fear céile ann.

- 2 Dúirt sé é sin.
- 3 Thug Tadhg óráid uaidh.

Ní dúirt sé é sin.
Níor thug Tadhg óráid uaidh.

An rud a tharlóidh.

An rud nach dtarlóidh.

- 1 Beidh deartháir Sheáin ann.
- 2 Tiocfaidh seisean.
- 3 Caithfidh Seán gabháil faoina choinne.
- 4 Rachaidh sé faoi choinne Mhuiris.
- 5 Éireoidh go maith leis.

Ní bheidh deartháir Sheáin ann.
Ní thiocfaidh seisean.
Ní chaithfidh Seán gabháil faoina choinne.
Ní rachaidh sé faoi choinne Mhuiris.
Ní éireoidh go maith leis.

Céard a rinneadh?

Céard atá déanta?

- 1 Labhair Seán.
- 2 D'éirigh le Seán.
- 3 Iarradh air labhairt.
- 4 Ghabh sé buíochas leo.
- 5 Chuir sé fáilte rompu.
- 6 Mhol sé an cathaoirleach.

Tá labhartha ag Seán.
Tá éirithe le Seán.
Tá iarrtha air labhairt.
Tá buíochas gafa aige leo.
Tá fáilte curtha aige rompu.
Tá an cathaoirleach molta aige.

Ceacht a Tríocha hOcht

Tá Síle ag caint leis an múinteoir matamaitice.

Múinteoir Is tú máthair Sheáin agus Thomáis?

Síle Is mé.

Múinteoir Tá áthas orm gur tháinig tú a Bhean Uí Chatháin. Theastaigh uaim labhairt leat.

Síle Tá súil agam nach drochscéal atá agat dom.

Múinteoir Is eagal liom nach dea-scéal atá agam duit. Ar dtús is minic a thagann Seán ar scoil agus gan aon cheachtanna baile déanta aige.

Síle Go bhfóire Dia orainn! Shíl mé go mbíodh a cheachtanna déanta aige i gcónaí. Caitheann sé cúpla uair an chloig ag gabháil dóibh gach aon lá.

Múinteoir Ní dhearna sé aon mhatamaitic le seachtain. Dúirt sé liom go raibh an dá théacsleabhar cailte aige.

Sile Cuardóidh mé a mhála an chéad rud ar maidin, agus ar ndóigh, inseoidh mé an scéal dá athair. Labhróidh seisean leis agus féachfaidh sé chuige go ndéanfaidh sé a cheachtanna feasta.

Múinteoir Ní haon amadán in aon chor é, ach nílim róshásta leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aige. Nílim sásta ar fad le Tomás ach chomh beag.

Sile Ná bhair liom nach mbíonn a cheachtanna baile déanta aigesean ach chomh beag!

Múinteoir Bíonn siad aige ceart go leor ach is minic a dhéanann sé ar nós cuma liom iad. Tá an bheirt acu beagán neamhchúramach.

Sile Is maith an rud é go bhfuair mé amach conas atá acu.

Ceacht a Tríocha Naoi

Tá athrú an-mhór ar shaol na tuaithe le blianta anuas. Bhíodh mórán feirmeacha beaga ann fadó. Tá feirmeacha beaga ann fós ach tá siad ag imeacht as de réir a chéile. Níl na fir óga ná na cailíní óga sásta leis an saol mar a bhí ag a muintir rómpu. Is fearr leo dul isteach sna cathracha agus sna bailte móra.

Ní sa tír seo amháin atá fadhb mar seo. Tá an scéal céanna ag a lán tíortha ar fud an domhain mhóir.

Ceapann mórán daoine go bhfuil ré na bhfeirmeacha beaga thart. Síleann siad gur feirmeacha móra a bheidh ann feasta. Ba mhaith leis na daoine sin tionscail a bhunú ar fud na tíre chun go bhféadfadh daoine an talamh a fhágáil gan an tuath a thréigean.

Tá tionscail mhóra agus tionscail bheaga ar fud na tíre faoi láthair, ach, is ins na bailte is mó atá na monarchana. Theastódh a lán eile monarchana chun obair a thabhairt do na daoine go léir atá ag éirí as an talmhaíocht.

Ceacht a Daichead

Theastaigh cead pleanála le haghaidh monarchan ó na fir. Thug siad turas ar an oifig pleanála. Mhottaigh siad nach fáilte ach doicheall a bhí rómpu nuair a chuaigh siad isteach. Mhottaigh siad é sin mar chuir an cléireach ó dhuine go duine iad i dtosach báire agus nuair a chas siad leis an oifigeach pleanála dúirt seisean leo nach bhféadfadh sé rud ar bith a rá go bhfeicfeadh sé an plean.

Tar éis teacht abhaile dóibh d'inis siad an scéal do Phádraig. Dúirt Pádraig leo go raibh an ceart ag an oifigeach pleanála.

Ní raibh a fhios acu cad ba cheart dóibh a dhéanamh ansin agus mhol Pádraig dóibh bainisteoir maith a fhostú. Bheadh comhairle le fáil ón mbainisteoir agus ina dhiaidh sin d'fhéadfaí ailtire a chur ag obair.

Ceacht a Daichead a hAon

Níl a fhios againn i gceart cathain a tháinig na Gaeil go hÉirinn don chéad uair. Is dóigh le cuid de na húdair gur timpeall trí chéad caoga roimh Chríost a tháinig siad. Más é sin an uair a tháinig siad bhí daoine anseo rómpu. Tá fianaise ann go raibh daoine anseo i bhfad roimhe sin.

Daoine arda fionna ba ea na Gaeil. Ní raibh muintir dheiscirt na hEorpa in aon chor chomh mór ná chomh fionn leo.

Bhí eolas maith ag na Gaeil ar mhiotail agus ar obair láimhe. Thaitin dathanna go mór leo agus chuir siad dathanna ar mhórán rudaí, go mór mór ar a gcuid éadaigh. Tá iarsmaí dá saothar fós ann.

Bhí dúil mhór ag na Gaeil sa léann agus sa litríocht. Tá mórán dá gcuid filíochta fós ar fáil.

Tár éis do na Gaeil glacadh leis an gCríostaíocht chabhraigh siad go mór chun í a leathadh ar fud an domhain. Chuaigh na mílte díobh ar na misin agus chaith siad a saol i seirbhís Dé.

Ceacht a Daichead a Dó

Nuair a tháinig na Lochlannaigh ar dtús ní raibh siad ag iarraidh fanacht anseo. Ní raibh uathu ach saibhreas na tíre a thabhairt abhaile leo. Tar éis tamaill áfach, bhunaigh siad bailte in a lán áiteanna ar fud na tíre. Bhí Baile Atha Cliath ar ceann de na bailte a bhunaigh siad agus ba bhaile an-tábhachtach acu é.

Chuir na Gaeil cath ar na Lochlannaigh ag Cluain Tarbh, in aice le Baile Átha Cliath, sa bhliain 1014. Bhuaigh na Gaeil an cath sin agus chuir sin deireadh le réim na Lochlannach in Éirinn.

Níor chuir Cath Chluain Tarbh deireadh leis na Lochlannaigh féin in Éirinn áfach. D'fhan cuid mhaith acu sna bailte. Bhí cuid acu pósta le Gaeil an uair sin agus phós a lán eile acu Gaeil ina dhiaidh sin. Inniu féin maireann cuid de na bailte a bhunaigh siad agus tá ainmneacha Lochlannacha ar a lán áiteanna agus ar a lán daoine ar fud na tíre.

Tháinig na Normanaigh anseo sa bhliain 1169. Is iomaí cath a chuir na Gaeil orthu agus is iomaí cath díobh a bhuaigh na Gaeil, ach cuir-eadh deireadh leis an seanréim Ghaelach i dtosach an seachtú haois déag. Ní raibh an cogadh thart fós, áfach. D'éirigh na Gaeil amach arís agus arís eile.

D'éirigh siad amach i 1916. Buadh orthu ach thosaigh siad ar an treallchogaíocht go luath ina dhiaidh sin. Bunaíodh dhá stát nua i 1922 ach ní raibh deireadh fós leis an doirteadh fola.

Ceacht a Daichead a Trí

Céard a tharla.

1 Chuaigh Seán agus Nóra thar bráid.

2 Chuir an fear fios ar na Gardaí.

Céard a bhí ar siúl?

Bhí Seán agus Nóra ag dul thar bráid.

Bhí an fear ag cur fios ar na Gardaí.

Céard a tharlóidh?

1 Fanfaidh mé anseo

Céard a bheidh ar siúl?

Beidh mé ag fanacht anseo.

- 2 Stopfaidh mé féachaint an féidir liom cabhair a thabhairt.
3 Gortófar é.

Beidh mé ag stopadh féachaint an bhféadfainn cabhair a thabhairt.
Beifear á ghortú.

Tá cuid de na bóithre an-dainséarach ar fad. Ní measa bóithre na tuaithe ná bóithre na cathrach. Is beag lá nach dtarlaíonn timpiste in áit éigin. Maraítear na céadta agus gortaítear na mílte i dtimpistí gach aon bhliain.

Má tharlaíonn timpiste agus gur tú an chéad duine ar an láthair ba cheart duit cabhrú leis na daoine gur bhain an timpiste dóibh.

Má bhíonn baol ann go rachadh an gluaisteán trí thine ba cheart duit na paisinéirí a thógáil amach as an ngluaisteán. Ba cheart duit ansin fios a chur ar na Gardaí agus ar an otharcharr.

Níor cheart duit duine gortaithe a chorraí. Dá ndéanfá, tharlódh, b'fhéidir, go ngortófá níos measa é.

Ceacht a Daichead a Ceathair

Tá an turasóireacht ar cheann de na tionscail is tábhachtaí in Éirinn. Caitheann na mílte strainséirí a gcuid laethanta saoire anseo gach aon bhliain. Ó Shasana agus ó Mheiriceá is mó a thagann siad ach bíonn Francaigh, Gearmáinigh, Spáinnigh agus Eorpaigh eile anseo freisin.

Tugann cuid mhaith de na turasóirí a ngluaisteáin féin leo agus imíonn siad ar fud na tíre ag baint taitnimh as áilleacht na radharcanna breátha atá in a lán áiteanna. Faigheann cuid eile acu gluaisteáin ar cíos agus déanann siad an rud céanna.

Ní bhíonn aon ghluaisteán in aon chor ag cuid eile acu. Siúlann siad na bóithre agus is minic a thugann gluaisteánaithe marcaíocht dóibh.

Fanann daoine eile fós in óstáin agus i dtithe na ndaoine.

Bíonn cuid de na turasóirí ag fiach agus ag foghlacaireacht agus ag iascach, ach, is ag snámh agus ag taisteal agus ag féachaint ar iontais an dúlra a chaitheann an chuid is mó díobh a saoire.

Ceacht a Daichead a Cúig

Céard a bhí á dhéanamh ag Tomás?

Bhí sé ag tiomáint (go Baile Átha Cliath).

An raibh paisinéir sa ghluaistean aige.

Ní raibh nuair a thosaigh sé, ach thug sé marcaíocht do shíobshiúlóir.

Cá raibh an siúlóir ag dul?

Bhí sé ag dul go Baile Átha Cliath.

Arbh as Gaillimh don siúlóir?

Níorbh as Gaillimh dó.

Cár bh fhios duit nárbh as Gaillimh dó?

Dúirt sé gur chaith sé coicís san Iarthar ach nár leor é chun gach aon rud a fheiceáil. Dá mba as Gaillimh dó ní dhéarfadh sé é sin.

Cár chaith sé an oíche?

In Uachtar Ard (a chaith sé an oíche).

Cathain a d'fhág sé Uachtar Ard.

Ar maidin (a d'fhág sé Uachtar Ard).

Conas a tháinig sé go Gaillimh?

Fuair sé marcaíocht ó dhuine éigin.

Cérbh é an duine a thug an mharcaíocht dó?

Níl a fhios agam cérbh é.

Ar thaitin iarthar na tíre leis an siúlóir?

Thaitin. Thaitin sé go mór leis.

Cár bh fhios duit?

Mar dúirt sé é.

An bhfuil tú cinnte nárbh é Tomás a dúirt é?

Táim. D'fhiafraigh Tomás de conas a thaitin an áit leis agus d'fhreagair sé féin gur thaitin sé go mór leis.

An dóigh leat go bhfillfidh sé?

Fillfidh. Dúirt sé go dtiocfadh sé arís.

Cén fáth go ndeachaigh siad isteach sa gharáiste?

(mar) theastaigh braon peitрил ó Thomás.

Ceacht a Daichead a Sé

Cá bhfuil Liam?

Tá sé i dteach an dochtúra.

Céard atá á dhéanamh ag an dochtúir?

Tá Liam á scrúdú aige.

An bhfuil comharthaí tinnis ar Liam?

Tá. Tá tinneas cinn air, agus tá a scornach tinn.

An bhfuil tinneas goile air?

Níl. Níl aon rian de thinneas goile air.

Dá mbeadh tinneas cinn agus tinneas goile ortsa céard a dhéanfá?

Chuirfinn fios ar an dochtúir.

Arsa an dochtúir:

Céard a dúirt an dochtúir le Liam?

“Oscail do bhéal go bhfeice mé do scornach”.

Dúirt sé leis a bhéal a oscailt go bhfeicfeadh sé a scornach.

“Sin amach do theanga”.

Dúirt sé leis a theanga a shíneadh amach.

“Cuir an teirmiméadar seo faoi do ascaill”.

Dúirt sé leis an teirmiméadar sin a chur faoina ascaill.

“Tar ar ais chugam i gceann cúpla lá”.

Dúirt leis teacht ar ais chuige i gceann cúpla lá.

Ceacht a Daichead a Seacht

Seán Cloisim go bhfuair Tadhg post éigin san Eastát Tionsclaíoch.

Liam Fuair. Fuair sé post mar bhainisteoir ar chuid de cheann de na monarchana.

Seán An bhfuair? Shíl mé go raibh na postanna bainistíochta ar fad tugtha amach fadó riamh.

Liam Níl. Níl in aon chor. Tá aon mhonarcha déag anois ann agus tá oibritheoirí den uile shaghas uathu.

Seán An fada anois é ó bunaíodh an t-eastát?

Liam Is dócha go bhfuil sé suas le dhá bhliain ó osclaíodh an chéad mhonarca ann.

Seán Agus tá aon mhonarcha déag anois ann. Má leanann an scéal mar seo beidh cathair mhór anseo fós.

Liam Ní dócha go leanfaidh, ach is cuma. Bheinnse lánsásta ach obair a bheith ar fáil do gach aon duine san áit.

Seán Is dócha go bhfuil an ceart agat. Is mór an trua é nár bunaíodh a leithéid fadó in áit a bheith ag iarraidh daoine a choimeád ar an talamh.

Ceacht a Daichead a hOcht

Tá mórán oibre déanta agat ó thosaigh tú ar an gcúrsa seo. Tá labhairt agus léamh agus scríobh na Gaeilge anois agat. Comhgháirdeachas.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as ceirníní na Gaeilge idir fhilíocht, amhráin agus cheol. Ba mhaith linn freisin go léifeá cuid de na leabhair Ghaeilge atá ar fáil. Cabhróidh na ceirníní agus na leabhair leat, ach, ní chuirfidh tú aithne i gceart orainn go dtabharfaidh tú turas ar an nGaeltacht. Tá fáilte romhat.

Buíochas

Pictiúir le caoinchead ó: Camera Press, (L 1 agus 5), Bord Fáilte Éireann, (L. 15, 19, 23, 27, 31, 35, 39, 43, 57, 74, 90, 107, agus 121).